

ST. PATRICK'S COLLEGE
MATER DEI INSTITUTE OF EDUCATION
Colleges of Dublin City University

**ÁISEANNA DON OIDEACHAS AGUS CLEACHTADH CREIDIMH I
NGAELSCOILEANNA AGUS SCOILEANNA GAELTACHTA**

Sinéad Mc Mahon
10114432

Tachtna McCarthy

Submitted in Part Fulfilment of the Requirements for the Degree
Masters in Religious Education (Primary)

2012

I gcuimhne ar Ray Topley agus Máirín Feirtéar, oideoirí Caitliceach

Ar dheis Dé go raibh a nAnam

Buíochas

Gabhaim buíochas as iad siúd ar fad a choinnigh spiorad an Dara Comhairle Vatácanach beo agus a chuir ar aghaidh go dtí an céad ghlúin eile é, ag cabhrú linn machnamh a dhéanamh, ár gcreideamh a cheiliúradh, a bheith géarchúiseach agus an comhbhá agus Críostaíocht a chleachtadh, mo thuismitheoirí ach go háirithe.

Gabhaim buíochas dóibh siúd ar fad a thug tacaíocht dom agus é seo ar siúl agam, Caroline Renihen agus Fachtna Mc Carthy agus do mo chlann.

Clár

1. Réamhrá

2. **Cé do agus Cad Chuige Cnuasach Áiseanna Iomlánach don Oideachas Reiligiúin agus Tacú Creidimh i nGaelscoileanna agus Scoileanna Gaeltachta na hÉireann san Aonú Aois is Fiche?**

1. **- An Óige**

- Inspreagadh an Oideachais

- Comhthéacs an Oideachais agus na gComhpháirtí

1. **+Sochaí agus Cultúr na hÉireann san aonú Aois is Fiche**

+Cruinneshamhail an Aonú Aois is Fiche

+ An Duine Nua-Aoiseach nó Iar-Nuaoiseach agus Creideamh

+Oideoirí, Treoirí agus Compánaigh Páistí na Linne Seo

+Inspreagadh na nGlúin X agus Mílaoiseach

-Oideachas agus Teagasc Creidimh

3. **Oideachas a Chuirfidh le Saol Pháistí na Linne Seo**

1. **- Stádas an Oideachais Reiligiúin agus Creidimh i gCuraclam na Bunscoile in Éirinn**

- Scoileanna na hÉireann, na Gaelscoileanna ach go hÁirithe agus na Comhludair Creidimh atá Gafa le hOideachas Pháistí

1. **+ Gaelscoileanna agus Comhludair Gaeilgeoirí**

+ Scoileanna agus Scolaíocht Caitliceach, Críostaíochta, Idirchreidmheacha agus Comhludair Creidimh

+Scoileanna Ilchreidmheacha agus Comhludair Daonnachacha agus Díeaglaise

- Teachtaireacht Soláithreoirí Oideachais, Mhúinteoirí, Tuismitheoirí, Treoirithe agus Compánaigh agus ár nDearcadh i leith Páistí agus an Óige

- Modhanna Múinte

- Gníomh Tharraingt agus Díriú Airde nó 'Focussing Activity' Thomas Groome

- Ag Ceiliúradh Iontais agus Nafacht an tSaoil – Féastaí, Deasghnátha, ag Ceiliúradh agus Comóradh le Chéile

1. Ábhair agus Modheolaíocht an Oideachais

1. -Téamaí

-Scileanna Machnaimh, Comhbhá agus Géarchúis

-An Cur Chuige

-Ag Teacht le Chéile: Liotúirgí; Comhluadair Creidimh; Comhluadair

Idirchreidmheacha

- Ag Spreagadh Meoin agus Croíthe na Comhghleacaithe – Ceisteanna Oiriúnacha

- Áiseanna

- Ag Teacht le Chéile

- Foinsí Áiseanna

1. Tatal – Cnúasach Áiseanna

1. - Troirlínte don gComhordaitheoir agus den Té atá ag Lorg Áiseanna

- Treoirlínte don gCumadóir Áiseanna

- Cad atá Againn Faoi Láthair

-Moltaí don Todhchaí

1. Leabharliosta

Réamhrá.

*We can be like children in being receivers and as such carefree in relation to God, those who know that they have nothing of themselves on which to base any claim to his help, and yet who trust that his kindness and protection will be extended to them and so will bestow what they need on him.*¹

Sa bhliain 1962, scríobh an diagaire Karl Rahner an aiste *Ideas for a Theology of Childhood* agus é a ullmhú chun cainte leis an grúpa SOS Children's Vilages INternational. In san píosa seo, cuireann sé i gcuimhne dúinn sé gur am faoi leith i saol an duine í an óige lena luachanna agus buanna féin, cinn gur féidir saol gach duine, idir óg agus aosta, a shaibhriú. Cé go raibh sé i gceist aige aidhm an Cruthaitheoir agus Slánaitheoir i leith an óige do fheabhsú agus slánú na cinne daonna a fhiosrú, thuig sé go raibh impleachtaí ag an bhfiosrú dúinn féin agus dóibh siúd 'whose lives are spent in working for children, loving them, watching over them, estimating their progress and always and in all circumstances loving them'. Tá an cúram feighlíochta, múnlaíthe seo ag oideoirí pháistí sa tír seo, idir tuismitheoirí, scoileanna agus iad siúd atá gafa le pleanáil agus riaracháin oideachais sa sochaí agus i gcomhludair creidimh.

Tá an tráchtas seo gafa leis an cuid sin den obair thuasluaite a dhíríonn ar ábhair tharchéimnithe an tsaoil, an iontas, an grá, an géarchúis, agus an moráltacht, sé sin an Reiligiún. Beidh inscrúdú ar siúl ar na hacmhainní agus foinsí atá oiriúnach chun úsáid sa rang creidimh nó reiligiúin agus ag ceiliúradh creidimh i nGaelscoileanna na tíre seo agus le réimse pháistí ó Chríostaí agus páistí eile ó thraidisiún a chreideann i nDia, go páistí ó thraidisiún aindiachais. Chun an obair seo a dhéanamh, is gá ceisteanna áirithe a chur sula dtéimid ar thóir na rudaí seo, sé sin 'Cé atá ag fáil oideachais sa chomhthéacs seo?', 'Cé hiad oidí na bpáistí?' 'Conas a chuirimid chuige an obair seo a dhéanamh agus cad atá ag teastáil in sna hacmhainní atá á lorg againn?'. Is mór an buntáiste é machnamh a dhéanamh ar buanna an ábhar atá á phléigh agus ar riachtanais agus aidhmeanna na ndaoine a mbeidh á úsáid. Muna bhfuil tuiscint ann ar cad atá ar mbun i ranganna agus ceiliúradh creidimh ná tuiscint ar dhearcadh agus inspreagadh na dtuismitheoirí, beidh deis cailte againn cur go mór le saol ár gcompánigh ar oilithreacht an tsaoil, na bpáistí atá faoin ár gcuram agus beidh seans foghlaim cailte againn féin.

¹'Ideas for a Theology of Childhood', in *Theological Investigations, Volume 8: Further Theology of the Spiritual Life 2.*, Trans, David Bourke (London/New York: Darton, Longman & Todd/Herder and Herder, 1971) pp 33–50 p41

Sa chás seo, tá léirmheas criticiúil le déanamh ar aidhmeanna an Roinn Oideachais i leith cumas agus oideachas spioradáltachta an pháiste. In aonacht leis seo is cabhair mór é tuiscint fháil ar bhunús na néiteas sainiúla sna scoileanna lánGhaelacha agus Gaeltachta éagsúla agus luach agus brí na múinteoireachta agus ceiliúradh creidimh a aithint. Is cuma cén saghas oibre a dhéantar sa bhaile, sa scoil nó sa chomhlúadar, áfach, muna bhfuil teagmháil dearfach ann idir na grúpaí difriúla seo. Cuirfear go mór leis an saothar má tá áiseanna ann agus réidh le fáil a oireann do thaithí agus riachtanais pearsanta, forbartha agus foghlama na bpáistí atá faoinár gcúram.

Máis iad an ghrá agus buíochas do ghrásta Dé, don chruthaíocht, do chairde, don maithiúnas agus dúinn féin buntús an lioturgaí agus cruinniú guí agus machnamh eile, ba cheart go mbeadh gach páiste in ann sult a bhaint as gné éigin de na hócáidí seo, is cuma traidisiúin agus creideamh a muintir. Le nasc idir na hócáidí sacraiminte seo agus saol na bpáistí agus lena bhfriotal féin, tá seans ann go bhfágfaidh siad a lorg ar a dtuiscint agus ar a n-anam.

I gcás pearsa tábhachtacha sna creidimh éagsúla, i bhforbairt an duine, in obair ar chearta daonna agus in aire don timpeallacht, caithfear a saoil a chíoradh chun na gnéithe sin dá bpearsantacht, saol nó obair a mbeadh tionchar dearfach acu ar pháistí a iniúchadh. Má táimid chun na daoine seo a chur in aithne do na páistí agus torthaí a saoil a chur ós a gcomhar, is gá a scéalta insint i mbealach taitneamhach a nochtóidh fhírinne an tsaoil agus an ghrá dóibh. Muna bhfaigheann na páistí inspioráid ó thaithí agus saoil na ndaoine seo, nó,, má tá droch-thionchar acu ar a dtuiscint ar riachtanais an tsaoil, ar chreideamh agus ar reiligiún, beimid ag cur ár gcuid ama amú agus ag baint drochfhomhar sa todhchaí.

Má táimid ag ceiliúradh na beatha, na cruthaíochta agus ár gCruthaitheoir, Slánaitheoir agus Cosaintheoir, ba cheart tagairt a dhéanamh do na féilte a rialaíonn beatha, creideamh agus cultúir éagsúla an cinne daonna. Is leis na féilte seo a mbíonn ócáidí tábhachta na beatha, ár stair agus ár dtraidisiún á gceiliúradh. Tugann siad seans eile dúinn cuimhnigh ar na bealaí ar fad go mbíonn buanna agus torthaí an Spiorad Naomh le haithint ag feidhmiú i saol an duine aonair, cultúir an

cinne daonna agus stair na cruinne. Is cabhair dóibh siúd ó thraidisiún éagsúla agus le dearcadh difriúil é na hábhair seo a iniúchadh chun a dtaithí agus a dtuiscint a leathnú agus a shaibhriú.

Má chuirimid chuige an obair seo a dhéanamh i gceart, le tuiscint mhaith againn ar an óige, áit 'which bears fair flowers and ripe fruits such as can only grow in this field and in no other, and which will themselves be carried into the storehouses of eternity'. Má táimid sásta chun 'reverently and lovingly preserve this state of being delivered over to the mystery', ag cinntiú go cleachtaítear scileanna géarchúise, gheobhaidh ár bpáistí seans an saol a mhaireachtáil mar is ceart agus gheobhaidh gach duine againn an seans saol a bheith againnina bhfuil 'our original childhood is preserved forever', áit gur féidir linn 'commit ourselves to the ineffable as sheltering and forgiving.'²

²'Ideas for a Theology of Childhood', in *Theological Investigations, Volume 8: Further Theology of the Spiritual Life 2.*, Trans, David Bourke (London/New York: Darton, Longman & Todd/Herder and Herder, 1971) pp 33–50

**Cé do agus Cad Chuige Cnuasach Áiseanna Iomlánach don Oideachas Reiligiúin agus Tacú
Creidimh i nGaelscoileanna agus Scoileanna Gaeltachta na hÉireann san Aonú Aois is Fíche?**

An Óige

Childhood touches upon the absolute divinity of God not only as maturity, adulthood and the later phases of life touch upon this, but rather in a special way of its own.....This morning does not derive its life simply from the afternoon which follows. This playtime with its beauty is not important simply as a prelude to life as lived in full earnest. It is unique.... It is precious not merely because it seeks the riches of life in maturity.... The values of imperishability and eternity are attached to childhood in its unique properties even in those points in which it differs from life in its broader phases.³

Agus muid ag tabhairt chuige oideachas a chur ar fáil do pháistí agus áiseanna oiriúnacha a lorg, tá sé ri-thábhachtach go naithneoidimid neamhspleáchas, saoirse agus saintréithe na ndaoine faoinár gcúram. Muna bhfuilimid sásta meas agus tuiscint a bheith againn ar charachtar uathúil cuile dhuine ag gach staid den saol, ní éireoidh linn mistéir an tsaoil a nochtadh – is cuma má's tógáil tigh nó fionnachtain tsaoil agus Dé atá ar siúl. Tá eolas le fáil ar mheon an linbh bhig in obair Elaine Champagne sa leabhar *Spiritual Education, Cultural, Religious and Social Differences; New Perspectives for the Twentyfirst Century*⁴ ina labhraíonn sí faoi chumas machnaimh spioradáltachta pháistí. Tugann sí samplaí difriúla dúinn de mheon páistí – i gcomhrá a chuala sí idir cailín beag 3 bhliain go leith lena hathar ar Bhreithlaethanta, i páiste eile atá ag iarraidh airde a thuiscint agus i scéal pháiste 2 bhliain a d'aois ag spraoi le cleite in uisce ar feadh leath uair a chloig. Déanann sí cur

³Rahner, Karl. 'Ideas for a Theology of Childhood', in *Theological Investigations, Volume 8: Further Theology of the Spiritual Life 2.*, Trans, David Bourke (London/New York: Darton, Longman & Todd/Herder and Herder, 1971) pp 33–50 p 36,37

⁴Elaine Champagne, Listening to.....listening For: A Theological Reflection on Spirituality in Early Childhood in *Spiritual Education* pp76-87

síos ar an próiseas smaointeoireachta agus foghlaim a tharlaíonn in aigne na bpáistí – ag ceistiú, ag fiosrú agus ag iniúchadh ceisteanna ama, clainne, airde agus an nádúr, an iontas ag spreagadh na bpáistí chun leanúint leis an bpróiseas seo agus machnamh. Luann sí Maedeline Simon ag rá 'wonder is prayer in embryo.'⁵ Ag labhairt faoin iontas seo, deir sí,

'From wonder to praise, praise to awe awe to contemplation the road is rather short. And this step might be, according to one's religious tradition, to hear the name of the unnamed Presence, to recognise the mystery of the sacred in what is.'⁶

Cuireann síse agus scríbhneoirí eile ar nós Carmel Ní Shúileabhán ina halt '*Creating Space for Children's Existential Concerns*' sa leabhar *Nurturing Children's Religious Imaginations*⁷ agus obair Robert Coles⁸ i gcúimhne dúinn go mbíonn a meon agus tuiscint féin ag páistí, go bhfuil treoraí ag teastáil uathu a éistfidh leo, a labhróidh leo agus a thabharfaidh spás dóibh machnamh a dhéanamh ar an saol. Seo an am ina bhfuil siad ag fáil tuiscint orthu féin, ar a mhuintir agus an pobal níos leithne, ar an domhain agus ar foinse na cruinne agus cruthaíochta. Seo an am dóibh cleachtadh, agus triallacha a dhéanamh, ceisteanna a chur agus ceisteanna a fhreagairt, dul i ngleic le cúrsaí agus iontas an tsaoil le meon oscailte, grámhar. Tá treoraí uathu a thabharfaidh na scileanna dóibh meon oscailte, géarchúiseach grámhar a chothú agus choimeád, an iontas a díriú sa treo ceart, am a thógáil chun machnamh a dhéanamh agus an grá mórtimpeall orthu a bhraith.

Inspreagadh an Oideachais

Cad ina thaobh an bhfuil scoileanna againn? An bhfuilimid ag múineadh na scileanna atá ag teastáil chun páirt fiúntach a ghlacadh sa sochaí agus airgead a thuilleadh nó an bhfuil rud eile ar

⁵Elaine Chapman, *Listening To...Listening For : A Theological Reflection on Spirituality in Early Childhood* in *Spiritual Education: Cultural, Religious and Social Differences - New Perspectives for the 21st Century* pp76-87, p81

⁶Elaine Chapman, *Listening To...Listening For : A Theological Reflection on Spirituality in Early Childhood* in *Spiritual Education: Cultural, Religious and Social Differences - New Perspectives for the 21st Century* pp76-87, p 81-82

⁷Carmel Ní Shúileabhán *Creating Space for Children's Existential Concerns* in *Nurturing Children's Religious Imagination: The Challenges of Primary Religious Education Today* pp 27-36

⁸Robert Coles leabhar bunaithe ar an am a chaith sé le páistí ó chreidimh agus cúlra éigsiúla á gceistiú faoi chreideamh agus a dtuiscint ar an saol

siúl againn? I sochaí agus cultúr an aonú aois is fiche in Éirinn, is cinnte go bhfuil béim ar an eacnamaíocht agus ar oideachas a chur ar fáil a chabhróidh lenár bpáistí dul ag obair amach anseo agus cur le tairbhe an phobail. Tá tionchar an dearcadh seo soiléir inár gcóras oideachais⁹ - mar is ceart dó a bheith - ach tá inspreagadh agus tionchar cultúrtha le brath ann freisin. Aidhm an oideachais ó na dearcadh seo ná córas a chuirfidh le forbairt iomlán ár bpáistí a chabhróidh leo féinfeacht dhearfach a réalú agus gach cumas atá acu a aireachtáil agus a fhorbairt san óige agus san aosach¹⁰.

Tá sé tábhachtach go n-aithneoidimid inspreagadh agus meon an phobail agus an sochaí ionas gur féidir linn a riachtanais, nósanna agus mana saoil a aithint agus a thuiscint. Conas is féidir oideachas iomlánaíoch, daonnach a shaibhríonn saol agus spiorad an duine agus an phobail, go háirithe leanaí an phobail, muna bhfuil tuiscint againn ar an sochaí agus a dhearcaidh? Má táimid ag cur le forbairt iomlán an duine, nach gá dúinn a chinntiú gur féidir le daoine cheisteanna móire an tsaoil ar nós 'Cad as muid?', 'Cad as an cruinne?' 'Cad is brí leis an ngrá agus leis an an gcomhbhá?', 'Cad is saol mhaith ann?' a phléigh. Nach gá dúinn a chur ar a gcumas a dtaithí féin agus taithí daoine eile a cur san áireamh sa mhacnamh seo, chomh maith lena n-oidhreacht féin agus traidisiúin phobail eile.

Comhthéacs an Oideachais agus na gComhpháirtí

Sochaí agus Cultúr na hÉireann san aonú Aois is Fiche

*'Theology is 'talk about God, but it is not only talk. It arises from the practical experience of God in the world, in culture. In addition, theology points the way to further practical experience of God in and through culture.'*¹¹

⁹ *Curaclam na Bunscoile* http://www.curriculumonline.ie/ga/Curaclam_na_Bunscoile/ 03-09-12

¹⁰ *ibid*

¹¹ Tom Beaudoin *Virtual Faith, The Irreverent Spiritual Quest of Generation X* (San Fransisco, Jossey Bass, 1998) pp159-180, p176

Tá cur síos mhaith déanta ar an idirghníomhú atá ar siúl faoi láthair idir na cruinneshamhail difriúla agus ar thuiscint ar theoiric an chultúir sa leabhar *'Clashing Symbols : An Introduction to Faith and Culture'*.¹² Tá dhá chur síos bunúsach ar fáil sa leabhar seo ar an gcoincheap 'cultúr', ceann amháin a aithníonn tionchar na nealaín, léann daonna, eolaíocht agus diagacht Eorpach ar shaothrú agus forbairt tuisceana agus intinne an duine. Aithníonn an dara tuiscint an nasc idir struchtúir shóisialta ar nós an sibhialtacht agus dearcadh dhaoine agus phobail i leith an tsaoil.

'The Arnold emphasis dealt with what can be called 'objective' or 'conscious' culture, highlighting such cultural products as art and institutions. The Tyler approach focussed more on 'subjective' or 'invisible' culture, including all the modes of meaning and perception that people assimilate within a society.'¹³

Dar le Gallagher, tá grúpaí difriúla in ngach chultúr go bhfuil tionchar acu ar chruth, ábhar, dearcadh agus meon an chultúir agus gur féidir leis an cultúr sin agus na struchtúr a chruthaítear ann cur le saol an phobail agus gach duine ann. Is féidir leis an chultúr céanna fadhbanna a chothú dóibh siúd atá faoina scáth, áfach, ag feidhmiú mar foinse míonramháile, réamhchlaonadh agus mí-úsáid cumhachta, toradh an easaontais agus iomaíocht na ngrúpaí difriúla¹⁴.

De réir Tom Beadoin sa leabhar *Virtual Faith, The Irreverent Spiritual Quest of Generation X*¹⁵ - 'theology and culture always need each other. Theology draws its terms, questions and basic material from the culture in which it finds itself, and cultures own questions, needs, desires and depths of meaning are influenced by the theology (or theologies) that are both theorized and practiced in that particular culture.'

Dá bhrí sin, is gá an coincheap 'cultúr' agus na cruinneshamhail agus gluaiseachtaí difriúla taobh thiar de chultúr an Aonú Aois is Fíche a iniúchadh. Tá éifeacht chultúir difriúla le braith ar ré an

¹²Michael Paul Gallagher *Clashing Symbols, An Introduction to Faith and Culture*. (London : Darton, Longman & Todd 2003 New and rev. ed)

¹³ Ibid, pp 13-26, p15

¹⁴*Clashing Symbols* p16

¹⁵ Tom Beadoin *Virtual Faith, The Irreverent Spiritual Quest of Generation X* (San Fransisco, Jossey Bass, 1998) 176

Aonú aois is Fiche, ón Nua-aoiseachas a d'fhás as Ré na hEagnaíochta go dtí an Iar-nua-aoiseachas, freagra amháin ar laigí an Nua-Aoiseachais agus fuilleach an údarásaíochais agus an meon Clasaicigh. Tá inspreatadh cruinneshamhail bunaithe ar na gluaiseachtaí cultúrtha seo, go háirithe an Daonnachas, an Agnóiseachas, Aindiachas agus an Dí-Eaglaiseachas, chomh maith leis na mana saoil difriúla a fhásann as Creidimh an domhain le braith in éiteas scoileanna difriúla agus i bhfealsúnachtaí oideachais. Cé go roinneann siad an inspreatadh céanna ó thaobh forbairt iomlán an pháiste de, tá tuiscint difriúla acu ar an Reiligiún, an Spioradáltacht agus a luach, áit agus ról i shaol an duine agus an sochaí.¹⁶

Cruinneshamhail an Aonú Aois is Fiche

*Within postmodern models of the self, the notion of a universal or essential self is challenged by new models that stress plasticity and flux. While the concept of structure itself may be universally applied, how each individual constructs herself locally will be determined by the cultural contexts she defines herself within; and the plurality of narratives she draws upon.*¹⁷

Is féidir tuiscint a fháil ar an Nua-Aoiseachas agus Iarnua-Aoiseachas sa leabhar seo agus san alt ‘*Cultural Post-Modernity and Christian Faith Formation*’ le Harold Daly Horell sa leabhar *Horizons and Hopes* curtha le chéile aige siúd agus Thomas H. Groome¹⁸. Tá neart leabhair eile ann a bhíonn ag pléigh leis an ábhar seo, cosúil le *Spiritual Education: Cultural, Religious and Social Differences - New Perspectives for the 21st Century*, eagraithe ag Jane Erriker, Cathy Ota agus Clive Erricker, *Sacramental Presence in a Postmodern Context*, eagraithe ag L. Boeve and L. Leijssen agus *Challenges Facing Religious Education in Contemporary Ireland* le Dermot Lane ach is leor cláí leis an chéad dá leabhar a luaigh mé sa comhthéacs seo.

Agus cur síos á dhéanamh acu ar an nua-aoiseachas agus a fhorbairt, luann an beirt

¹⁶ Tom Beauoin pp159-180, p176

¹⁷Paul Yates *Postmodernism, Spirituality and Education in Late Modernity* in *Spiritual Education: Cultural, Religious and Social Differences - New Perspectives for the 21st Century*, pp207-219, p 208

¹⁸Harold Daly Horell, *Cultural Post-Modernity and Christian Faith Formation* Thomas H Groome and Harold Daly Horell, eds, *Horizons and Hopes; The Future of Religious Education* (New York , Paulist Press, 2003)H H pp81-107

scríbhneoir an gaol idir an duine agus a thuiscint ar an saol agus ar an suíomh ina bhfuil sé.¹⁹ De réir Gallagher, is le himeacht ama a d'fhás an saghas meoin seo, ag tosú le Ré na hEagnaíochta, Ré na Tionsclaíochta agus fás cathracha. Tarraingínn sé ár ard ar obair fealsúnaigh cosúil le Charles Taylor²⁰ nuair a labhraíonn sé faoin aonánacht, fás an aonánaigh neamhspleách agus an tionchar aige ar an ngaol idir dhaoine a dtraidisiún, an cruinne, nithe tarchéimnithe an tsaoil agus freagracht don sochaí ina bhfuil siad. Leis an ngluaiseacht seo ón gcomhpháirtíocht, ón nádúr agus le breith saoirse smaointeoireachta nár bhraith ar chomhghnásanna thraidisiún, tháinig athrú ar an tuiscint ar Dhia agus suíomh an reiligiúin sa saol²¹. Mar thoradh ar an smaointeoireacht eiseach seo, tháinig fás ar na cruinneshamhail a luach níos luaite, sé sin an Daonnachas, an Agnóiseachas, Aindiachas agus an Dí-Eaglaiseachas, chomh maith le athbhreithniú agus athnuachan ar luacha agus brí, críonnacht agus ciall na Críostaíochta. Is fiú a rá anseo go ndéanann Daly Horell tagairt don dearcadh clasaiceach freisin, sé sin an tuiscint nach bhfuil ach freagra amháin ar cheisteanna an tsaoil, ceann gur féidir teacht air agus a fhoghlaim, dearcadh a deir sé a d'fhan leis an eaglais Catlacach go dtí ré an Dara Comhairle Vatacánach.²²

Má tá daoine ann inniu le mana saoil atá neadaithe go domhain i ndearcaidh an Nua-Aoiseachais, tá daoine eile ann, cuid acu tuismitheoirí, múinteoirí agus treoraí ár bpáistí le seasamh difriúil, ceann a fhásann as an Iarnua-Aoiseachas. Tá réimse leathan meon bunaithe ar an dearcadh seo, ach an nasc a cheanglaíonn le chéile iad ná an tuiscint go bhfuil solúbthacht ag teastáil nuair atá ceisteanna móra an tsaoil á phléigh. Tá sé tábhachtach go n-aithneoimid an fírinne an seanfhocail, 'ní mar a shíltear a bhítear', ach ar an taobh diúltach de is féidir le éiginnteacht, agus éadóchas fás i gcultúr atá bunaithe ar cheistiú nósanna, inspreagadh agus údaráis. Aithnínn an dá scríbhneoir an coimhlint seo ag luath an saol éadomhain, fuarchúiseach ina bhfuil gach rud sealadach, ag glacadh leis nach bhfuil in aon ní ach seall. Leis an dearcadh seo tagann amhras,

¹⁹ibid p83

²⁰Clashing Symbols, pp 73-85 p82

²¹Clashing Symbols, p 82

²²*Cultural Post-Modernity and Christian Faith Formation*

islebhí, cruatan anama agus fearg.

Tá bealach eile ann chun feidhmiú i sochaí a cheistíonn firinne an tsaoil agus struchtúir dhaonna. Tugann Gallagher iarnua-oiseachas cruthaitheach air, sé sin gur féidir linn athchruthú a dhéanamh i ndiaidh dúinn ár stair a fhiosrú agus na seanstruchtúr, modhanna agus dearcaidh a scagadh agus a luacháil. Luann sé an tábhacht atá ag an meas agus muid ag cuardú, tairbhe an tslánaithe agus cneasaithe agus muid ag pléigh le dochar agus dramhaíl stairiúil agus na deiseanna fuascailte a thagann le ubhchruthach grámhar a aithníonn an réimse leathan meoin a thugann in spreagadh do dhaoine.

Nuair atá urraim againn do cách, ag aithint firinne bunúsach an tsaoil, is féidir linn tairbhe a bhaint as críonnacht ré na hIarAth-nuachaoiseachta. Glaonn Daly-Horell Iarnua-oiseachas cuardaithe nó lorgaíochta ar an saghas dearcadh nó cruinneshamhail seo. Dar leis siúd, le seasamh mar seo, is féidir linn a bheith níos oscailte, ionraic agus neamhbhalbh agus muid ag iarraidh pléigh le ceisteanna móra an tsaoil. Ní hé sin le rá nach féidir linn cláí lenar gcreideamh nó a rá gur cuma cad a chreideann daoine chomh fada is go mbíonn siad deas lena chéile. Is seans caidrimh dúinn é, seans foghlaim ón ré atá thart, agus ónar dtraidisiún agus óna chéile. Is féidir a bheith dóchasach ach níos réalái ná mar a bhí cheanna.²³

An Duine Nua Aoiseach nó Iar-Nuaaoiseach agus an Creidimh

Sna seachtóidí, thug Karl Rahner a mheas ar an teacht le chéile seo agus ar na seasaimh difriúla a bhí, agus atá, ag daoine i leith a gcreideamh, an spioradáltacht, deasghnátha, reiligiún agus an gnáth shaol. D'aithin sé go raibh meon traidisiúnta ann a chreid go raibh deighilt mhór idir saol na ndeasghnátha agus na sacraimint agus an gnáth shaol. Ón seasamh seo, tá suíomh na sacraimint agus na ndeasghnátha lonnaithe in áit speisialta, áit gur féidir éalú ó deacrachtaí agus peacúlacht an tsaoil nach mbíonn tionchar an gnáth shaol le braith ann. Feictear don té leis an meon seo go dtagann grásta Dé chuige ón áit speisialta seo amháin agus nach bhfuil an Grásta céanna ag obair

²³*Cultural Post-Modernity and Christian Faith Formation* 88-92

ina shaol agus a chroí féin²⁴.

Is cinnte go noibríonn Grásta dé sa chúig seo inár saol, ach tá sé fíor, freisin, go noibríonn grásta Dé inár gcroíthe agus go bhfuil raith an Spioraid agus Grásta Dé le braith sa chruinne agus an gnáth shaol chomh maith, rud a d'aithin Rahner.²⁵ San alt céanna, sé sin an réamhrá don leabhar *Meditations on the Sacraments* agus in alt eile, *How to Receive a Sacrament and Mean it* a scríobhadh i 1970 san iris *Geist und Leben*²⁶, d'aithin sé an fhadhb atá ag an té le meon nua-aoiseach nó iarnua-aoiseach le dearcadh nach naithníonn Grásta De ag obair sa ghnáth shaol agus laistigh de chroí an chinne daonna.

Thuig sé cé chomh tábhachtach is a bhí sé cabhrú leis an duine seo an nasc idir a ghnáth shaol agus saol na ndeasghnátha agus sacraimint saineolaí na heaglaise a aithint agus ligeant don faoiseamh agus neartú atá le fáil iontu cur lena bheithsine. Mar a deir sé féin, leis an dearcadh ceart, tá seans dúinn na ‘Ecclesial manifestations and historical incarnations of that grace which is at work everywhere in the history of mankind and manifests itself historically’ a aithint agus muid ag ceiliúradh deasghnátha agus sacraimint na heaglaise. Le tuiscint Eocairist ceart, is féidir linn a fheiceáil gurb í an Eocairist an ‘manifestation of that mysterious grace which inconspicuously celebrates in community of the Church of that which wills to find its victory in the monotony and pain of daily life.’²⁷

Oideoirí, Treoraí agus Compánaigh Pháistí na Linne Seo

*The future of humanity lies in the hands of those who are strong enough to provide coming generations with reasons for living and hoping*²⁸.

²⁴Karl Rahner, *Meditations on The Sacraments* trans James M Quigley SJ, (Burns and Oates, London, 1977), pp ix-xvii, p ix, x

²⁵*Meditations on The Sacraments* p ix, x

²⁶Karl Rahner, "How to receive a sacrament and mean it," *Theology Digest* 19:3 (Autumn 1971) 227-234, see 227

"Überlegungen zum personalen Vollzug des sakramentalen Geschehens," *Geist und Leben* 43:4 (August 1970) 282-301

²⁷ibid

²⁸ *Pastoral Constitution on the Church in the Modern World, Gaudium et Spes*

http://www.vatican.va/archive/hist_councils/ii_vatican_council/documents/vat-ii_const_19651207_gaudium-et-spes_en

Tá idir daichead agus tríocha bhliain ó scríobh Rahner. Faraor, is cosúil go bhfuil an-chuid daoine ann nár éirigh leo leas a bhaint as a chríonnacht. Is phríomhoideoirí páistí na linne seo cuid mhór acu, sé sin a dtuismitheoirí. Is ó na glúin ‘ X’ agus Mílaoiseach a thagann an cuid is mó dóibh, na glúin céanna as a thagann formhór ár múinteoirí agus treoraí ár bpáistí. Tugann Tom Beaudoin, léargas maith dúinn ar mheon na glúine iar nua-aoisigh seo. Tá guthanna na glúine seo le cloisteáil in obair dhaoine eile chomh maith, cosúil le obair Coleen M Griffith, a aithníonn go bhfuil deighilt ann i meon an tsochaí idir gnéithe áirithe den chuardach céille. Ar thaobh amháin den deighilt seo, tá an reiligiún, rud atá cúng, bunaithe ar reacht rialacha agus eagraíocht sean-fhaiseanta a chuireann srian ar saoirse an duine. Ar an taobh eile den bhearna seo, tá an spioradáltacht, rud atá neadaithe i bhfuascailt saoirse an duine agus atá oscailte, solúbtha agus uileghabhálach.²⁹

Tá tionchar an seasaimh seo le braith i gcleachtadh an chreidimh agus i saol na nGlúin X agus Mílaoiseach, go háirithe i dtaithe na ndaoine nach bhfuair blas na hathnuachana a d’fhás ó fréamhacha críonnachta Karl Rahner, a comhghleacaí macasamhail agus leantóirí agus an Dara Comhairle Vatacánach. Do an-chuid daoine, níor leanadh le dóchas na seascaidí agus seachtóidí i sochaí na hochtóidí agus nóchaidí.³⁰

Is cinnte go raibh daoine ann a scaip an scéal athnuachana seo agus cuireadh go mór le saol an sochaí. Bhí daoine ann a rinne caidreamh le aos-óige agóideach le mhothú imeallaithe a bhí lán le cheisteanna agus ar thóir na fírinne. D’éist na daoine óga seo toisc gur tugadh aitheantas dóibh, tugadh seans dóibh labhairt, ceisteanna a chur agus a gcinne féin a dhéanamh. D’éist siad toisc gur chuir daoine ceisteanna orthu a léirigh go raibh suim ag daoine iontu, go raibh siad oscailte agus sásta foghlaim uathu agus go raibh siad ag iarraidh iad a thuiscint. D’éist siad toisc gur thuig siad go raibh meas agus grá ag an sochaí, a sinsir agus a treoraí spioradálta dóibh. Tá cur síos den saghas

.html 03-09-12, alt 31

²⁹Coleen M Griffith, *Spirituality and Religious Education; Fostering a closer Connection in Horizons and Hopes* pp 51-62 p45

³⁰ Tá cur síos ar shaol an aosóg agus a thaithí den eaglais Caitliceach sna ochtóidí agus nóchaidí i leabhair cosúil le *Virtual Faith, Horizons and Hopes* agus *Religious Education and the Future* agus *Spiritual Education*

teagmhála seo sa leabhar *Religious Education and the Future* eagraithe ag Dermot Lane in san alt a scríobh Michael Warren, *The Catechumen in the Kitchen: Reflections on Ministry and Catechesis in Ireland*. San alt seo, déanann sé cur síos ar obair mhná in Áth an Ghainimh a chuaigh i dtengmháil le grúpa dhaoine óga dífhostaithe, fearg, díomhaoín. As an caidreamh tuisceanach siúd, d'fhás athnuachan creidimh i meas an grúpa seo.³¹

Tá cuma ar an scéal, áfach, nach raibh dóthain ceannairí ann a bhí sásta nó muiníneach, b'fhéidir, cur leis an obair seo. Fiú nuair a bhí seans ag an aos óg labhairt faoina thaithí, an raibh an seans céanna acu é a shaibhriú trí aithne a chur ar scéal, ábhar agus brí a thraidisiún agus tuiscint a fháil ar? Nuair a labhraíodh ar phríomhaíocht choinsiasa, an raibh luach choinsias oilte luaite? Ar fhoghlaim siad conas an coinsias a oiliúint agus ar úsáideadh a bhfriotal agus íomhánna a gcultúr nuair a bhí a dtraidisiún á chur faoina bhráid? Tá seans ann nár tharla seo, go háirithe má tá firinne le focail Colleen M Griffith,

‘Estrangement between the two is a lose-lose situation, good for neither. A split between spirituality and religion causes spirituality to lose its rootedness in tradition and to become severed from the communal context of shared faith. And it renders religion more anemic, placing religious institutions on the defensive, leading to some desperate attempts on the part of institutional leadership to control people’s beliefs and practices.’³²

Aithníonn Tom Beaudoin an fhadhb seo chomh maith agus tá cur síos ina leabhar ar an deighilt a d’fhás idir cultúr agus creideamh an Ghlúin X agus an sean-thraidisiún agus an Eaglais oifigiúil. De réir Beaudoin, toisc nach raibh fáil ar aosóg lán le iontaoibh ina cultúr féin a bhí glic agus a cheistigh an sean-traidisiún, a sinsir agus cultúr a sinsir ar chaiticéis agus cleachtadh an chreidimh a d’aithin a thaithí agus an taobh dearfach dá chultúr, d’imigh siad ar a shlí féin agus d’fhág siad an sean-thraidisiún agus creideamh taobh thiar dóibh ag féachaint air mar cultúr

³¹Michael Warren, *The Catechumen in The Kitchen*, Religious Education and the Future, Dermot Lane, Ed (Dublin, The Columba Press, 1986) pp71-86

³² Spirituality and Religious Education, p52

eachtrach le nósanna, tuairimí agus siombail aisteach, seanfhaiseanta, dídhaoinithe (dar le roinnt daoine) gur féidir a magadh agus a cháineadh.³³ Cé go bhfuil Beaudoin ag labhairt faoin gcultúr sna Stáit Aontaithe Mheiriceá, tá roinnt mhaith de na dearnana céanna le braith in Éirinn chomh maith.

Tá cur síos mhaith ag Thomas Groome sa leabhar ‘Educating for Life’, nuair a deir sé ‘Catholicism seems to have an unrivalled ability to invite negative stereotypes of itself. Included among the current favorites - all of them having some warrant in Roman Catholicism - are the following: an authoritarian monolith with absolute norms that presume to possess the fullness of divine truth; a patriarchal system that favours men and discriminates against women ; a structure scarred by racism, classism and many other ‘isms’ besides; a religion obsessed with issues of sexuality - of any kind; an old-world monarchical leadership exercising supreme legislative, executive, and judicial powers; a papacy that encourages a cult of the person, stifles dissent, and forbids open discussion of controversial issues; a secretive bureaucracy with too much power, property, and possessions - and all the corruptions attendant thereto; and the list could go on³⁴.

Inspreagadh na nGlúin X agus Mílaoiseach

Ní hé sin is le rá go bhfuil droim na glúine seo casta ar an Eaglais Caitliceach, creideamh i nDia, ná luach na spioradáltachta ina saol agus i saol a bpáistí. Is féidir guthanna na nglúine seo a chloisteáil ag geataí na scoile agus iad ag bailiú a bpáistí, ag ócáidí a bpáistí agus claimne, ar láithreáin lonraithe shóisialta agus fóraim chomhrá, sna meáin chumarsáide ina léiriú chultúir agus sna háiteanna eile ina bhailíonn daoine. Tá daoine sa ghlúin seo go bhfuil creideamh a mhuintir fós acu atá ag iarraidh a pháistí thógáil leis an gcreideamh dúchasach. Meascán dearcthaí atá sa ghrúpa seo, cosúil le haon bhailiúcháin daoine, ón ceann a nascann an meon iar-nuaoisigh leis an seanthraidisiún, go dtí an ceann a chloíonn leis an seanthraidisiún amháin.

Tá daoine ann, cinnte, a mothaíonn go bhfuil siad faoi bhrú a pháiste a thógáil i mbealach

³³Virtual Faith

³⁴*Educating for Life: A Spiritual Vision for Every Teacher and Parent* (Allen, Tex : Thomas More 1998) pp 9-31, p17

nach aontaíonn lena tuiscint féin ar an saol, daoine eile, b'fhéidir nach naithníonn luach traidisiún ina saol agus i saol a bpáistí. Tá daoine eile ann a aithníonn gur rud speisialta é a oidhreacht, go bhfuil an Baiste, an Chéad Chomaoineach agus an Comhneartú tábhachtach i saol a bpáistí a mheasann go bhfuil a mbealach féin acu agus nach bhfuil gá lena bpáistí le aithne a chur ar an gcomhlúadar eaglaise ná ar cleachtadh deasghnátha idir an Liotúirgí agus guí pearsanta. Tá guthanna eile ann, ó dhaoine lena creideamh féin atá réidh chun creideamh a dtuismitheoirí a thabhairt dá bpáistí agus a dhéanann iarracht an dá thrá a fhreastal.

I measc na cruinneshamhail agus inspreagadh difriúla atá le brath i saol an phobail seo, tá meon clasaiceach dolúbtha agus meon diúltach ciniciúil, meon dóchasach lán le cinnteacht agus meon réalaióch, solúbtha. Nuair atá oideachas á phleanáil, go háirithe oideachas reiligiúnach, is gá a chinntiú go dtuigfear a aidhmeanna an phobail dá pháistí agus tuiscint gach bhaill den phobal sin ar míniú, luach agus tábhacht creidimh. Má tá na páistí i scoil le héiteas bunaithe ar chreideamh áirithe, is gá a chinntiú go dtuigeann gach duine, idir tuismitheoirí, múinteoirí an paróiste nó comhlúadar creidimh agus pobal iomlán na scoile cad atá i gceist leis an creideamh sin agus le scoil bunaithe ar a phrionsabail agus cruinneshamhail.

Oideachas agus Teagasc Creidimh

*Religion endeavours to address the deepest yearnings of the human heart. It seeks to bear witness to a fathomless abundance of all that is beyond the impressive scope of the sciences to explain.*³⁵

*'Theology, in truth, is about life, the experience of life in all its spiritual implications, especially those that point toward the presence of God at the centre of life itself'*³⁶.

Má táimid chun cabhrú lenár bpáistí sult a bhaint as an saol agus a bheith aireach do riachtanais

³⁵Padraig Hogan, *Religion in Education and the Integrity of Teaching as a Practice - The Experience of Irish National Schools in Changing Times* in *Teaching Religion in the Primary School; Issues and Challenges* (Dublin : Irish National Teachers' Organization 2003) pp63-74 p 63

³⁶Dermot Lane *An Invitation to Do Theology* (Paulist Press, New Jersey 1981), p viii

daoine eile agus an domhain, nach gá cabhrú leo feasacht, aireachas, meon atruach lán le comhbhá a chothú in aonach le scileanna géarchúise agus grinneas criticiúil a fhorbairt ? Gan na scileanna seo, conas is féidir leo idirdhealú a dhéanamh idir laigí agus láidreachtaí na dearnana thuas luaite agus a náit i traidisiún agus cultúr an pháiste. An mbeidh siad in ann leanúint lena dtraidisiún agus cur leis, ag caomhnú an traidisiún agus a mbraistint féiniúlachta? an mbeidh siad in ann dul i ngleic le deacrachtaí an tsaoil agus iarracht a dhéanamh an saol a fheabhsú do dhaoine eile, aire a thabhairt don timpeallacht agus a áit sa chosmas agus an cruinne a thuiscint? Is dúshlán ollmhór é seo d'aon duine, go háirithe munar féidir áilleacht agus áthas an tsaoil agus áit an tarchéimnithe i saol an duine agus an phobail a aihint. Tá seans níos fearr ag an té gur féidir leo guí nó machnamh fiúntach a chleachtadh agus ceiliúradh agus caoineadh ceart a dhéanamh, laistigh dá dtraidisiún féin agus mar bhaill de sochaí iolraíoch is ilghnéitheach a aithníonn réimse spleodrach cultúir, meon agus creidimh an chinne daonna. B'fhéidir go mbeidh an duine sin in ann na scileanna thuas a chleachtadh agus meon tuisceanach a chothaínn an dlúthpháirtíocht a fhorbairt. Is ón oideachas Reiligiúnach, Moráltacht agus Eitic, in aonach leis na hEalaíon, Teangacha, Eolaíocht agus Oideachas Fisiciúil a gheobhaidh ár bpáistí na scileanna, inspreagadh agus neart dul i ngleic le saol aireach, lán a mhaireachtáil.

Oideachas a chuirfidh le saol pháistí na linne seo

Education, in any culture, is about the capacities of human nature, such as energy and emotions, intelligence and memory, conscience and will; it is about how these are developed and oriented, ordered and integrated in service of what is conceived to be the good life³⁷.

Roimh thosú ar chnuasach áiseanna a chuirfidh le forbairt iomláin pháistí scoile a chur le chéile, is gá aidhmeanna an oideachais go ginearálta agus, sa chomhthéacs seo, aidhmeanna an chaiticéis agus oideachais agus ceiliúradh reiligiúin ach go háirithe, a iniúchadh. Tá sé tábhachtach, freisin, tuiscint a fháil ar fhealsúnacht agus saintréithe an Gaelscolaíochta ionas gur féidir a riachtanais sainiúla a shásamh.

Stádas an Oideachais reiligiúin agus creidimh i gCuraclam na Bunscoile in Éirinn.

Tá sé soiléir go bhfuil sé mar aidhm an oideachais in Éirinn forbairt iomlán an pháiste a spreagadh agus a chothú³⁸. Tugtar aitheantas sa churaclam do gach gné de chumas an pháiste idir feathas agus éirim intleachtúil, fisiciúil, mothúchánach, mórálach, spioradálta, aeistéitiúil agus

³⁷ John Sullivan *Exploring Religious Education: Catholic Religious Education in an Intercultural Europe*, Patricia Kieran agus Anne Hession ed (Dublin : Veritas, 2008) pp 27-34 p 29

³⁸ Réamhrá *Churaclam na Bunscoile* http://www.curriculumonline.ie/ga/Curaclam_na_Bunscoile/ pp 13-20, p 1

sóisialta an pháiste agus déantar iarracht iad seo a spreagadh chun gur féidir linn

‘a chur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh, agus a (h)acmhainn mar dhuine uathúil a thabhairt chun críche.

a chur ar chumas an pháiste teacht chun cinn mar neach sóisialta trí chónaí agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin a c(h)ion a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí.

an pháiste a ullmhú d’oideachas breise agus d’fhoghlaim feadh saoil.’³⁹

In san céad caibidil de Réamhrá an churaclaim, sé sin *Aidhmeanna, Prionsabal agus Gnéithe*, glactar leis gur féidir leis an spioradáltacht, moráltacht agus aireachtáil eiticiúil ‘luachanna a shealbhú ar féidir roghanna a bhunú orthu agus dearcadh a cheapadh dá mbarr’⁴⁰, luachanna atá tábhachtach don óige agus don aosach. Gan smaointeoireacht agus scileanna géarchúiseacha agus criticiúla a chothú agus a chur ag obair in aonach leis an gcumas solúbthacht agus cruthaíochta an bhfaighidh ár bpáistí leas as na luachanna thuas luaite? Aithnítear é seo sa churaclam ina iomlán, sa rang Reiligiúnach, in Oideachas Shóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus san Oideachas Sóisialta, Imshaol agus Eolaíochta ach go háirithe agus sna aitheantas a thugtar do na gnéithe aeistéitiúla den saol agus na healaín.⁴¹

Déantar tagairt minic go leor sa churaclam do thaithí⁴² an pháiste agus do na gnéithe éagsúla den saol agus den sochaí in Éirinn a mbíonn tionchar acu ar a saol - an reiligiún agus spioradáltacht agus an tarchéimnitheacht san áireamh. Glactar leis gur ceart dul i ngleic leis na gnéithe seo den saol agus iad a phléigh agus a inmheánú.⁴³ Tá sé soiléir ón gCuraclam OSPS go bhfuil forbairt an pháiste mar duine ann féin a thuigeann go mbraithimid ar a chéile agus go bhfuil sé tábhachtach do

³⁹ *ibid* 15

⁴⁰ *ibid*

⁴¹ Réamhrá Curaclam na Bunscoile, pp42-45

⁴² *Ibid* p 22

⁴³ *Ibid* p 25, 36, 35, 67

sochaí go mbeidh muid sásta comhoibriú lena chéile agus atrua a bheith againn dá chéile⁴⁴. Feictear do scríbhneoirí na curaclaim gur cinne na scoileanna féin é conas na gnéithe seo den curaclam a chur i bhfeidhm de réir a néiteas féin. Tá sé de dhualgas ag gach scoil obair a dhéanamh ar na gnéithe seo den saol⁴⁵ agus a chinntiú go bhfuil scairiúnt idir an rang SOPS agus an rang Reiligiúin. Tuigeann cruthaitheoirí an Churaclaim tábhacht eolas agus tuiscint ar chreidimh, dearcadh agus traidisiún éagsúla i saol agus oideachas an duine. Le linn na hoibre seo, aithníonn an Stáit gur gá cearta tuismitheoirí agus comhluadar difriúla na bpáistí a shásamh agus oideachas a chur ar fáil dá bpáistí a aithníonn na gnéithe sin dá dtraidisiúin agus cultúr a chuireann le maitheas an duine.

Scoileanna na hÉireann, na Gaelscoileanna ach go háirithe agus na Comhluadar Creidimh atá gafa le Oideachas Pháistí.

Gaelscoileanna agus an Comhluadar Gaeilgeoirí

Tá sé mar bhunaidhm ag an tumoideachas Gaeilge ardchaighdeán oideachais trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil ón réamhscolaíocht go dtí an tríú leibhéal. Is ionann sa mhéid sin aidhmeanna an tumoideachais Ghaeilge agus aidhmeanna an oideachais i gcoitinne maidir le sóisialú, seachadadh cultúir agus curaclaim. Féachann an tumoideachas chuige go sroichfidh gach foghlaiméoir an leibhéal is airde is féidir i bhforbairt teangeolaíoch, chognaíoch, mhothúchánach agus shóisialta agus i sealbhú na Gaeilge. (féach Baker, C. agus Prys Jones, S., 1998; Cummins, J., 1999)⁴⁶

Faoi láthair, sé sin an scoilbhliain 2011-12, tá 175 Gaelscoil ar an oileán seo. Tá 140 dóibh lonnaithe in bPoblacht na hÉireann, 113 dóibh le éiteas Catlacach, 9 le éiteas Ilcreidmheach agus 15 le éiteas idirchreidmheach.⁴⁷ Agus cnuasach acmhainní don oideachas agus ceiliúradh creidimh sna

⁴⁴Ibid p 66

⁴⁵Ibid p 66

⁴⁶ <http://www.irishmediumeducation.ie/assets/polasai-tumoid.pdf> 15 06 12

⁴⁷ <http://www.gaelscoileanna.ie/about/statistics/?lang=en> (gaelscoileanna)

scoileanna seo á chur le chéile, is féidir glacadh leis nach mbeidh ach riachtanais áirithe roinnte idir an trí ghrúpa. Mar sin, is gá a chinntiú go naithneoidimid na cosúlachtaí agus difríochtaí idir an trí shaghas éiteas agus go ndéanaimid iarracht na riachtanais saineiúla seo a shásamh.

Is féidir Gaelscoil a ghlaoch ar scoil ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga labhartha agus múinteoireachta na scoile agus ina chuirtear an cultúr na teanga sin chun cinn. Úsáidtear an téarma ‘tomoideachais’ chun cur síos ar an saghas scolaíochta seo.⁴⁸ Má’s é an cás go bhfuil ról lárnach ag an nGaeilge agus cultúr na Gaeilge i saol na Gaelscoile, is gá a chinntiú gur féidir í a bhraith i gach gné den churaclam. Sa rang reiligiúin, tá áiseanna ag teastáil a thugann tuiscint do na páiste ar an meon ceilteach agus ‘ról lárnach na Gaeilge i gcultúr agus i bhféiniúlacht phobail uile an oileáin seo agus go saibhreodh sé an páiste dá réir’.⁴⁹ Aithnítear buntáiste an oidhreacht Ghaelach, rud ‘a shaibhríonn an curaclam agus ag an teanga féin toisc í a bheith mar ghléas teagaisc. Mar thoradh air sin déanann an ghaelscoil gach gné den oidhreacht Ghaelach a fhorbairt’⁵⁰. Muna bhainimid úsáid as na gnéithe sin den cultúr Gaelach idir ealaín, ceol, béaloideas agus scríbhneoireacht, chomh maith leis an paidreoireacht agus stair dúchasach, ní bheimid ag sásamh riachtanais an tumoideachais Gaelaigh agus beidh na páistí ag cailliúint dá bharr. Cé go bhfuil sí teanga labhartha agus teagaisc na scoile, tá sé tábhachtach gur friotal beo na bpáistí agus foclóir sothuigte a úsáidtear sna ranganna agus ceiliúradh creidimh. Muna bhfuil acmhainní agus áiseanna tarraingteacha agus sothuigte in úsáid, an mbeidh na páistí in ann dul i ngleic leis an ábhar atá á phléigh ná tairbhe a bhaint as aon cheiliúradh nó machnamh atá ar siúl.

Scoileanna agus Scolaíocht Catlacacha, Críostaíochta agus Idirchreidmheacha agus

Comhluadar Creidimh Críostaíochta

The Catholic school has a duty to discover the key that will unlock the door of love and

⁴⁸ <http://www.irishmediumeducation.ie/assets/polasai-tumoid.pdf> 15 06 12

⁴⁹ Ibid, alt 4,5

⁵⁰ <https://docs.google.com/viewer?url=http://www.irishmediumeducation.ie/assets/polasai-tumoid.pdf> Alt 5

right living for all the children in its care. It must learn 'to grow and give light to others as well as 'receive light from them'⁵¹

Ciallaíonn an dá fhocal *Kata Holos* ‘fáilte roimh cách’⁵². Tá ciallachais móra ag na focail seo d’aon scoil nó comhlúadar scoile atá ag iarraidh éiteas Caitliceach a bheith acu. I scoil mar seo, ba cheart go mbeadh spiorad flaithiúil, cneasta ann, a aithníonn fiúntas agus luach bunúsach gach ball den cinne daonna duine, na difríocht atá ann idir dhaoine agus le riachtanais an chomhlúadair. Dar le Thomas Groome, is féidir le haon oide idir thuismitheoirí, múinteoirí agus treoraí spioradáltachta, is cuma an tuiscint atá acu ar cheisteanna móra an tsaoil meon Chaitliceach a bheith acu i leith an obair atá ar bhun acu.⁵³ Tá meon solúbtha de dhí ar an múinteoir Caitliceach a aithníonn fhirinne bunúsach an tsaoil ach atá sásta foghlaim i gcónaí, ‘inspiring as we live and learn’⁵⁴. Ní hé sin is le rá nach ceannaire údarásach é nó í múinteoir caitliceach gur féidir na mioclín a stiúradh go humhal, muiníneach chun a dhaonnacht féin a aimsiú.

- Aigne, Anam, Corp

Má tá duine chun a bheith ina múinteoir Caitliceach, is gá dearcadh áirithe a bheith acu, sé sin ceann a thuigeann tionchar dearcadh, staid agus meon an oide ar cad a tharlaíonn sa scoil, sa seomra ranga agus i gcroíthe agus aigne na bpáistí - mar a deir Ammalee Meehan san alt *The Spirituality of Teaching and Learning in Exploring Religious Education*, ní thagaimid ar scoil ‘as a body without spirit’⁵⁵ Tugann sé seo le fios dúinn nach féidir deighilt iomlán a dhéanamh riamh idir creideamh nó dearcadh duine agus feidhmiú an duine sin sa sochaí ina bhfuil sé nó sí, nach bhfuil deighilt idir spiorad an duine agus an saol mar a mhairtear í. Cuireann Anne Hession an tábhacht a

⁵¹V.A. Mc Lellond *Religious Instruction in School : A Theology of Catholic Education* i Hear, *O Islands : Theology and Catechesis in the New Millenium*, John Redford, ed (Dublin, Veritas, 2002) pp 132-139 p136 - a bhfoacil féin agus ag déanamh tagairt d'obair i *Community and Growth*

⁵²Groome, *Education For Life* p 12,

⁵³ ibid

⁵⁴ Gareth Byrne, *Lifelong Faith Development in the Home, Parish and Other Faith Environments* I *Exploring Religious Education: Catholic Religious Education in an Intercultural Europe* Patricia Kieran agus Anne Hession eds (Dublin : Veritas 2008)pp35-4 p 40

⁵⁵ *Spirituality of Teaching and Learning in Exploring Religious Education* i *Exploring Religious Education: Catholic Religious Education in an Intercultural Europe*, Patricia Kieran agus Anne Hession, ed (Veritas 2008) pp 50-57, p56

bhaineann le oideachas mar seo i gcuimhne dúinn nuair a deir sí - 'Faith is an experience of relating to God that answers the deepest questions of our hearts, often engendering a new understanding of ourselves and our experiences.' Agus, arís, 'Catechesis enables people to develop the art of using religious language as a means of seeing and responding to their reality in a new way'.⁵⁶

- Naofacht an tSaoil

Má tá oideachas reiligiúin agus scolaíocht Caitliceach, Críostaíochta nó daonnach gafa le forbairt iomlán an duine, caífead príomh áit a thabhairt do naofacht, iontas agus tarchéimnitheachas an gnáthshaol a aithint agus a cheiliúradh. Tá sé mar aidhm ag oideachas agus oideoir Caitliceach gach gné de shaol an duine a shaibhriú. Ceann de tascanna an oideoir Caitliceach ná cabhrú le daoine an saol domhanda agus an saol naofa, beannaithe a nascadh go críonna, ag seachainn an scoilteadh gur féidir fás i gcroí an té nach féidir snáthaid dúil bunúsach an duine a fhí le snáthaid thaithí, céile, agus críonnachta an tsaol agus an traidisiúin. Bíonn an léann agus scoláireacht seo gafa le múnla an duine, á chlaochlú agus á neartú chun gur féidir an saol a chaitheamh mar is ceart⁵⁷. I gcás oideachas an té a chreideann in nDia, tá sé rí-thábhachtach go gcabhraítear leo a thuiscint go bhfuil rian Dé le fáil i ngach uile ní agus gach uile duine. Ní gá éalú ón tsaol chun Dia a aimsiú nó rian an ghrá agus an iontais a aithint, ach is féidir am faoi leith a thabhairt don chiúnas, do gnéithe áirithe den saol a cheiliúradh agus grásta Dé a aithint. Is féidir am a thógáil chun anáil Spiorad Dhé sruthlú tríd ár saol agus ár gcorp agus anam chun muid a neartú chun an domhain, an saol agus sinn féin a chlaochlú. Mar sin, tugaimid seans d'ár bpáistí an saol agus ócáidí speisialta a cheiliúradh agus a chomórath. Ligimid dóibh teacht le chéile chun guí agus machnamh a dhéanamh le chéile, cuid den am le gníomh agus focail a bhfuil míniú acu do cách, cuid den am ag ligint do na grúpaí agus cruinneshamhail difriúla a ndeasghnátha, paidreacha agus friotal féin a úsáid. Ligimid dóibh, freisin, obair le chéile agus leis an múinteoir chun a ndeasghnáth féin a chumadh nó a rian a chur ar

⁵⁶Anne Hession, *Come and See, The Process of Catechesis in Exploring Religious Education*, Patricia Kieran agus Anne Hession, ed (Dublin, Veritas 2008) pp 199-211, p 109

⁵⁷John Sullivan, *Philosophy of Education* p29

dheasghnátha agus lioturgáí thraidisiún difriúla.

- Comhaontú i gcomhlúadar an Chinne Daonna, ag aithint an Grá agus Splan Dé i ngach duine

Comhlúadar na scoile Caitlicigh ná comhlúadar atá bunaithe ar chaidreamh, muintearas, meas agus comhoibriú idir dhaltaí, múinteoirí, tuismitheoirí, an comhlúadar creidimh agus an sochaí go ginearálta⁵⁸. De réir *Gravissimum Educationis*, is é an oideachas ceann de na tascanna is tábhachtaigh atá ag an eaglais, idir caiticéis Críostaíochta agus saíocht 'is cultúir an chinne daonna a thacú. Tá sé gafa le cur le maitheas agus forbairt iomlán gach ball den chinne daonna, is cuma a gcreideamh agus mana saoil, ná a riachtanais fisiciúil agus intleachtúil⁵⁹. Ciallaíonn sé seo go mba ceart go mbeadh béim ar an gcomhbhá, ar an dtaise agus ar an dtuiscint go bhfuilimid freagrach asainn féin agus as stádas gach duine ar an saol. Le oideachas mar seo, músclaítear daoine chun riachtanais daoine a aithint agus a shásamh, pé bealach gur féidir leo, ó chabhrú le páiste atá ag caoineadh go taisteal go dtí áit iargúlta chun cabhrú le daoine atá ag fulaingt.

Laistigh de comhlúadar mar seo, tá gá le comhoibriú agus comhrá, rud a aithnítear san eaglais Caitliceach agus i ndearbhán na hEaglaise ar nós *Nostre Aetate*⁶⁰. Tá tiomantas na hEaglaise don comhoibriú seo le braith ag bailiúcháin ar nós an 'Gathering of Prayer for Peace' in Assisi.⁶¹ Mar a dúirt Dermot Lane i *Exploring Religious Education*, 'To be Christian is to be interreligious in terms of having a positive but critically informed relationship with other faiths', agus, 'Dialogue with religious difference, otherness and pluralism is no longer an option; instead it is at the centre of Catholic Religious Education'.

⁵⁸*Declaration ón Christian Education Gravissimum Educationis*,

http://www.vatican.va/archive/hist_councils/ii_vatican_council/documents/vat-ii_decl_19651028_gravissimum-educationis_en.html 03-09-12

Déantar tagairt don chomhoibriú seo i n*Gravissimum Educationis*, ceann de dearbhaithe a d'fhoilsigh an Vatacáin i ndiaidh an Dara Comhairle Vatacánach, a aithníonn cearta na dtuismitheora in oideachas a bpáistí agus an gá le comhoibriú leis an sochaí agus cultúr ina bhfuil an scoil lonnaithe.

⁵⁹ *Ibid*, Alt 3

⁶⁰ *Declaration of the Relation of the Church to Non-Christian Religions, Nostre Aetate*

http://www.vatican.va/archive/hist_councils/ii_vatican_council/documents/vat-ii_decl_19651028_nostre-aetate_en.html

⁶¹ <http://www.catholicnewsagency.com/news/details-of-assisi-peace-gathering-unveiled/> 3-09-12

- An Dúchas

Tá meas ag an creideamh Caitliceach ar an ndúchas agus ar thraidisiún agus scéal sinsir gach cultúr agus comhlúadair, mar aon le an-chuid traidisiún agus creideamh eile. Aithnítear gur féidir foghlaim ó shaol na naoimh agus na daoine ar fad a d'imigh romhainn ar shlí na fírinne, idir maith agus olc. Nuair a chloisimid scéalta ár sinsir Críostaí agus sinsir daoine eile agus críonnacht na naoimh, cloisimid scéal an ghrá agus an saoirse, soiscéil Dé. Faighimid treoir ó fhocail agus saoil na ndaoine seo ar chonas an saol a chaitheamh mar is ceart, agus creidimid go bhfuil siad ann, le Dia, réidh chun gáire linn agus caoineadh linn agus muid a thacú nuair is gá.

- Cuile Dhuine ag Déanamh a nDícheall

Tá sé tábhachtach in oideachas Caitliceach go mbíonn ard caighdeán foghlaim le braith sa scoil, idir ábhair phraiticiúil bunaithe ar obair láimhe agus ábhair intleachtúil bunaithe ar úsáid na hintinne chomh maith le béim ar spórt, ceol agus na healaín. Leis na hábhair seo ar fad, ba cheart go mbeadh ionad oideachais chaitliceach ag forbairt meastóireacht géarchúiseach, meon ghrinnis agus scileanna chéile i measc a chomhlúadar, is cuma má's bunscoil, meánscoil, ollscoil nó suíomh oideachais do dhaoine fásta atá i gceist⁶².

- Spiorad Chríost

Tá an-chuid gnéithe den oideachas Caitliceach nó Críostaíochta a roinntear le fealsúnachtaí oideachais eile, ach tá rud amháin nach féidir a aimsiú in aon chóras eile, sé sin Spiorad Íosa Chríost ag múscailt agus ag cothú croí agus anam na scoile agus an comhlúadar. Fiú in áiteanna nach bhfuil íomhána Críostaíochta le feiceáil cosúil le scoil Caitliceach a chur Thomas Groome cuairt uirthi i bPakistan, tá rian soiscéal Dé le braith i saol na mban rialta a oibríonn ann, duine amháin acu a dúirt -'Though we cannot instruct in Christian faith we see to it that Gospel values pervade the life of the school and the general curriculum.' Is féidir é seo a chloisteáil arís i bhfocail an phríomhoide ag

⁶²Sr Eileen Randles *The Ethos of the Catholic School, i Teaching Religion in the Primary School; Issues and Challenges* (Dublin : Irish National Teachers' Organization 2003) pp105-118 Is féidir tuiscint a fháil ar an saghas scolaíocht seo ina halt do Príomhoidí scoileanna caitlicigh

fregairt ceiste ar soiscéalaíocht a dúirt ' To educate well is to do God's work, that is enough.'⁶³ Nuair atá íomhánna agus an soiscéil Críostaíochta soiléir sa scoil, is féidir gach ball den scoil foghlaim uaidh ina mbealaí féin. Cloiseann an Críostaí soiscéal an Cruthaitheora a tháinig chun na beatha chun maireachtáil, foghlaim, fás agus fulaingt cosúil linn. Sa soiscéal seo, faigheann muid léiriú ar an próiseas féinthuiscine, rud a thagann le ham, le taithí agus le haois agus faigheann muid léiriú ar saol mhaith, grámhar. Tugann an scéal le fios dúinn, freisin, go dtuigeann Foinse an tSaoil agus an Ghrá brí an tsóláis agus an dóláis i dtaithí an chréatúir– i rith a shaol, rinne Críost lúcháir ina aonar agus lena chairde 'is d'fhulaing sé leis féin agus lena chairde, cosúil linn ar fad. Dóibh siúd a chreideann i nDia is soiscéal saoihe nó lahma, b'fhéidir, a d'éist leis an cruthaitheoir a chloistear. I gcás iad siúd nach gcreideann gur cruthaíoch muid ná an cruinneacht inabhfuilimid, cloistear soiscéal fhir chróga, críonna darbh ainm Íosa. Cinnte ba mhaith linn mar Críostaí go nglacfaidh gach duine le scéal Íosa ina iomlán, ach ní féidir creideamh a bhrú ar aon duine – tagann sé ón gceol.

Christian religious education encourages people to interpret their lives, relate to others , and engage in the world in ways that faithfully reflect what they perceive as ultimate in life, that is, from a faith perspective. A Christian perspective lends particularly to how people experience and live thier relationships with *the* Transcendant, for example, as a personal God who loves all humankind⁶⁴.

Tá éiteas agus clár na scoileanna Críostaíochta eile na hoileáin seo sách cosúil le éiteas na scoile Caitlicigh, le clár '*Follow Me*' i scoileanna phoblacht na hÉireann atá bunaithe ar an gclár *Beo go Deo*, an sean clár oideachais reiligiúin agus treoirlínte Thuiasceart na hÉireann agus Albain. Tá níos mó béime sa chlár seo ar an mBíobla agus Íosa Críost. Cosúil le oideachas Caitliceach, aithnítear ról an pháiste agus é nó í ag foghlaim agus tá na prionsabail seo a leanas mar bhunaidhm

⁶³*Educating for Life*, pp9-31, p10, 11

⁶⁴*Sharing Faith : A Comprehensive Guide to Religious Education and PAstoral Ministry - The Way of Shared Praxis* (Eugene, Oregon : Wipf and Stock 1998) pp 2-5 p 2

oideachas reiligiúin acu, sé sin, an iontas agus fiosracht, gníomhaíocht an pháiste san fhorbairt foghlama, próiseas atá bunaithe ar thaithí agus tuiscint na bpáistí, an áit ina bhfuil siad lonnaithe, an cruthaíocht agus na healaín agus comhoibriú lena chéile, le creideamh Críostaíochta eile, le saol Críostaí eile chun obair an Cruthaitheora, Briathar Dé agus an Spiorad Naomh a bhraith agus chun tuiscint a fháil ar chreidimh agus mana saoil eile. Tugtar le tuiscint sa chlár seo go mbeidh páistí ann in aon scoil nach bhfuil ó thraidisiún, creideamh nó mana saoil na scoile⁶⁵.

Scoileanna Ilchreidmheacha agus Comhludair Daonánacha Díeaglaise

Ní hí an Críostaíocht an taon reiligiún, traidisiún ná dearcadh in Éirinn. Tháinig athrú mór ar sochaí na hÉireann i rith na Fichiú Aoise agus sochaí iolraithe atá againn anois. Le hathrú sa sochaí, tháinig athrú ar na grúpaí éagsúla a bhí ag lorg oideachas dá bpáistí nach raibh bunaithe ar éiteas Críostaíochta. Chun riachtanais na ndaoine seo a chomhlíonadh, bunaíodh scoileanna Ioslamacha, Giúdacha, Idirchreidmheacha agus Ilchreidmheacha⁶⁶. Is Gaelscoileanna iad cuid de na scoileanna Ilchreidmheacha lena riachtanais féin. Is é aidhmeanna scoile Ilcreidmheach ná go naitheodh a héiteas rannpháirtíocht na cultúir, creidimh agus traidisiún difriúla in aon sochaí⁶⁷. An clár atá acu siúd chun forbairt mórálach agus spioradálta na bpáistí a thacú ná '*Foghlaim le Chéile*' , ceann a thugann eolas dóibh ar an réimse leathan creideamh agus cultúr atá ann agus a spreagann meas do dhaoine agus aitheantas don éagsúlacht. Chun a chinntiú nach mothaíonn aon pháiste aonarach mar gheall ar a chreideamh, ní bhíonn ceiliúradh nó siombail reiligiúin áirithe. Spreagtar na páistí, le tacaíocht, chun tuiscint a fháil ar a gcreideamh agus traidisiún féin⁶⁸.

Teachtairacht Sholáithreoraí Oideachais, Múinteoirí, Tuismitheoirí, Treoraithe agus Compánaigh ár Phaistí agus ár nDearcadh i leith bPáistí

⁶⁵Teaching Religion in the Primary School; Issues and Challenges (Dublin : Irish National Teachers' Organization 2003) pp20-22

⁶⁶Teaching Religion in the Primary School; Issues and Challenges (Dublin : Irish National Teachers' Organization 2003)

⁶⁷ Teaching Religion in the Primary School; Issues and Challenges (Dublin : Irish National Teachers' Organization 2003)p 34

⁶⁸ ibid p33

*The handing on of Holy things is inextricably linked to our handling of ordinary things*⁶⁹

*It is only when teachers learn to attend to children that they provide the security necessary to prevent them being, in the words of one teacher, 'unanchored ships'*⁷⁰

The challenge of listening to and listening for children's spirituality is double.. It holds the challenge of listening to children, and the challenge of recognising spirituality'.⁷¹

Ina alt ar fhealsúnacht an oideachais reiligiúin, luann John Sullivan tuiscint dhaoine difriúla gur bhuail sé leo ar an oideachas agus scolaíocht Caitlicigh. Déanann sé cur síos ar smaointeoireacht a rinne deighilt idir an gnáthshaol agus an saol naofa, ar dearcadh nach raibh in an fear óg pósta le páistí a aithint mar mhúinteoir reiligiúin agus a d'aithin in san oideachas seo caomhnú nósanna áirithe nach raibh gaolta le gnáthshaol an duine. Déanann sé cur síos, freisin, ar thuiscint nár aithin mórán difríocht idir oideachas Caitliceach agus aon saghas oideachas eile a bhí ar fáil i Sasana seachas íomhánna agus deasghnátha cosúil leis an Aifreann. Cuireann a fhocail i gcuimhne dúinn gur gá dúinn a bheith cinnte go smaoinimid ar ár dtuiscint féin ar cad atá ar siúl againn agus go mbíonn tionchar ag na híomhánna, focail agus áiseanna a úsáidimid ar an saghas cruinneshamhail nó creideamh a múnlaítear i gcroithe agus meon ár pbáistí.

Sula smaoinimid ar an modheolaíocht don chur chuige múinteoireachta agus chaiticéis, is gá a chinntiú go bhfuil an dearcadh ceart ag an múinteoir, treoraí nó eagarthóir i leith an lucht foghlama, go háirithe nuair is páistí atá i gceist. Tá léargas mhaith le fáil ar thábhacht dearcadh i bhfocail pháistí 10 agus 11 agus iad ag labhairt faoina dtaithe reiligiúin i scoileanna Chaitliceacha i Sasana, scoileanna a mheas go raibh éiteas grámhar, múnlaíthe acu a d'aithin ról an pháiste ina fhoghlaim féin.

⁶⁹John Sullivan p29

⁷⁰Tony Eaude *Searching for the Spirit in Spiritual Education: Cultural, Religious and Social Differences - New Perspectives for the 21st Century*, Jane Erriker, Cathy Ota agus Clive Erricker, ed (Brighton, Portland, Sussex Academic Press, 2001)pp 220-233, p231

⁷¹Elaine Chapman, *Listening To...Listening For : A Theological Refelction on Spirituality in Early Childhood in Spiritual Education: Cultural, Religious and Social Differences - New Perspectives for the 21st Century*, Jane Erriker, Cathy Ota agus Clive Erricker, ed (Brighton, Portland, Sussex Academic Press, 2001), pp76-87, p81

No one really [listens], teacher's don't much, well, they say things to you but we're not really kind of like listened to

It's the way adults talk to children

[Head teacher B] tells us about the things she believes and the things she imagines and like it sort of confuses you because you've got your own beliefs and like your own vision of

heaven

[Head teacher B] goes on about hers⁷²

Ón méid atá scríofa anseo, tá sé soiléir go bhfuil sé éasca do dhaoine fásta ceapadh go bhfuil siad ag cabhrú le páistí agus iad ag labhairt leo, ag déanamh dearmad, b'fhéidir, go bhfuil gá le spás a thabhairt do samhlaíocht, smaointeoireacht agus guthanna na bpáistí féin. Tá sé deacair grúpa pháistí a stíriú agus saoirse a thabhairt dóibh a bharúil féin ar an tarchéimnitheacht agus an firinne a phléigh, a roinnt agus a fhorbairt. Mar sin féin, caithfear é a dhéanamh má tá ar bpáistí chun a bheith in ann foghlaim fúthu féin agus an saol. Agus muid ag obair lenár bpáistí, nach gá dúinn a chinntiú go gcloistear a nguthanna níos mó ná ár nguthanna, idir na ceisteanna a chuireann siad agus na freagraí ata acu ar ár gceisteanna agus ceisteanna a chéile. Mar a luach cheanna, i scoil Chaitliceach, nó aon scoil atá ag cabhrú le páistí an domhain agus mistéir an tsaoil a fhiosrú agus foghlaim, is gá do mhúinteoirí a bheith ina gcompánaigh flaithiúla a éistean leo agus thugann struchtúr dóibh chun cur chuige tuiscint mhaith ar an saol seo a fhorbairt. Aithníonn Tony Eade go bhfuil sé rí-thábhachtach éisteacht le páistí má táimid chun tuiscint a fháil ar a dtaithe spioradáltachta san alt *Searching for the Spirit in Spiritual Education* agus an athrú meon atá ag tarlú i modheolaíocht thaighde ar an moráltacht, an spioradáltacht i saol agus in fhorbairt an pháiste, ag luadh obair Hay and Nye in san 'Children and Worldviews Project' a bhí aireach do sheasamh an pháiste i leith an domhain. Deir sé freisin - There has been a growing interest in observing, and

⁷²Cathy Ota. *The conflict between Pedagogical Effectiveness and Spiritual Development in Catholic Schools* i *Spiritual Education: Cultural, Religious and Social Differences - New Perspectives for the 21st Century*, Jane Erriker, Cathy Ota agus Clive Erricker, ed (Brighton, Portland, Sussex Academic Press, 2001), pp260-275, p263,4

understanding, young children's experience, and the role of the spiritual within it, rather than taking a preconceived idea of the spiritual and trying to relate it to young children.⁷³

Modhanna Múinte

*Holiness is not about escape but a discerning immersion in everyday life. Immersion here means getting stuck into life and accepting its responsibilities; it means being aware of what you are doing, why you are doing it and the effect you are having.*⁷⁴

Rud atá soiléir ón méid atá scríofa go dtí seo ná go bhfuil an oideachas agus cleachtadh reiligiúin gafa le saol iomlán an duine idir smaointe agus tuiscint an duine ar eolas an tsaoil, a mhothúcháin agus gníomhaíocht an duine sa domhan agus san áit ina bhfuil sé nó sí lonnaithe. Déanann Tony Eaude tagairt don coincheap 'caidreamh chomhfheasa' nó 'relational conciousness' atá ag Hay agus Nye, sé sin go bhfuil ról lárnach ag an caidreamh a dhéanann páistí leis na daoine ina saol agus an domhain in a bhfuil siad i ngnáthchleachtadh spioradáltachta an pháiste, a chuireann in iúl gur féidir le haon duine againn an spioradáltacht a bhraith, agus in san gnáth shaol, le comhfhios nó i ngan fhios dúin⁷⁵.

Chun gur féidir le duine na gnéithe seo den daonnacht a neartú, a mhúnladh agus a nascadh, tá modh múinte agus smaointeoireachta faoi leith ag teastáil a chabhróidh le gach duine, idir óg agus aosta, machnamh agus breithiúnas ceart a chothú. Rinne an oide Ray Topley staidéar ar an ábhar seo, ag ceangal obair John Henry Newman agus scoláirí is oidí a fuair inspioráid uaidh, sé sin Bernard Lonergan, Luigi Giussani agus Thomas Groome. Do na daoine seo ar fad, d'fhás tuiscint daoine óna dtaithí agus ón staid ina bhfuil siad.⁷⁶ D'aithin an ceathrar údar seo gnéithe difriúla de shaol an duine. Labhair Newman ar iomas éirime uathspreagtha a thagann ó thaithí agus fianaise a mheá agus d'aithin Luigi Giussani taithí an duine in aonacht leis an traidisiún

⁷³Tony Eaude,p 222, 223

⁷⁴John Sullivan, p29

⁷⁵Tony Eaude

⁷⁶Ray Topley *The Act of Judgement in Religious Education: Light from Newman, Lonergan, Giussani and Groome i Exploring Religious Education: Catholic Religious Education in an Intercultural Europe*Patricia Kieran agus Anne Hession ed (Dublin : Veritas, 2008) pp234-248

Críostaíochta ag feidhmiú le dúil an chroí. Bhí obair Bernard Lonergan gafa le tuiscint an duine agus eolas an tsaoil, rud a rinne Ray Topley staidéar air, ag léiriú an ceithre chéim tuiscine a tharlaíonn i meon agus croí an duine agus an smaointeoireacht seo ar siúl. Tá an-chuid modhanna múinte na linne seo bunaithe ar obair Thomas Groome, atá ag scríobh ó na seachtóidí agus a fhéachann ar cleachtadh an tsaoil an duine agus conas mar a dhéantar é a imeascadh leis an bhfís Críostaíochta.⁷⁷

In san leabhar *Communicating Faith*, eagraithe ag John Sullivan, tá alt ag Ray Topley ina dhéanann sé cur síos ar dhearcadh Bernard Lonergan ar phróiseas smaointeoireachta an duine. Molann sé freisin san alt seo, *Questioning for Faith Commitment*, ról lárnach a thabhairt don gceistiúcháin, idir ceisteanna agus freagraí, agus deir sé gurb é seo an t-aon bhealach gur féidir dul i ngleic leis an gaol idir 'the knowing and doing of Christian faith and discipleship' a choimead.⁷⁸ Cé go bhfuil sé gafa leis an oideachas agus caiticéis Caitliceach, d'fhéadfá a rá go bhfuil an saghas seo oideachas tábhachtach do cách agus iad ag iarraidh saol grámhar, ciallmhar a mhaireachtáil. Aithníonn sé go dtagann forbairt i meon an té a thosaíonn a cur na ceisteanna 'Cé, Céard, Cén áit, Cathain?' nuair a bhíonn seans acu pléigh leo agus dul ar aghaidh go dtí an chéad grúpa ceisteanna eile – 'Cén fath, Cad chuige, Cad as, Cá mbeidh agus Cad a mbeidh ?'⁷⁹ Le dearcadh mar seo ar an oideachas, tá an mac léin ag gníomhú san fhoghlaim ó thús go deireadh. Muna bhfuil an meon agus an croí gafa, ní tharlóidh athrú ar a thuiscint ná, sa chás seo, ar a ghníomhú sa saol.

Bernard Lonergan

I gcomhthéacs an chaiticéis agus an oideachas reiligiúin agus eitic, tá an próiseas gafa leis an mbreithiúnas agus cinntí a dhéanamh mar thoradh ar inspreagadh, cúis nó cuspóirí Críostaíochta, creidimh nó eiticiúla. Ar an gceithre threoir tarchéimniúil a bhí ag Bernard Lonergan, sé sin gur ceart don té atá ag machnamh go géar a bheith aireach, meabhrach, stuama 'is ciallmhar agus

⁷⁷Ibid p245

⁷⁸Ray Topley *Questioning for Faith Commitment* i *Communicating Faith*, John Sullivan, ed (Washington DC Catholic University Press 2011)pp 165-180p 165

⁷⁹Ibid 166

freagrach, atá sé bunaithe. Tá ceithre chéim ag an mbealach smaointeoireachta seo, ag tosú leis an leibhéal eolais, ó thaithí nó ó fhoinsé eile ar nós scéal nó oide. Is anseo a chuirtear na ceisteanna cuimhnithe – cé, céard, cén áit, cathain, conas. Má tá an duine ina aonar, cuireann sé nó sí na ceisteanna air nó uirthi féin. I ngrúpa, is iad na comhghleacaí, an oide nó an treoraí a chuireann na ceisteanna.

Nuair a mheastar go bhfuil an t-eolas iomlán ag an bhfoghlaiméoir nó an ngrúpa, leantar ar aghaidh go dtí tóraíocht mhíniú agus tuisceana, rud a fhásann ón iontas agus ón dúil fiosrachta. Déantar machnamh ar cad atá faoi bhráid ag an ngrúpa nó foghlaiméoir – is cuma má's scéal, dán, fíricí, nó aon saghas eachtra eile é go mbíonn daoine pléigh le, atá i gceist – agus tosaítear ar an meabhair chinn a úsáid chun teachtaireacht an scéil a thuiscint agus a inmheánú. Bogtar ón leibhéal seo go dtí an leibhéal deimhnithe, an áit ina dhéantar breithiúnas agus athbhreithniú ar an dtuiscint agus tuairimí ar na fíricí nó an eachtra féin. Cuirtear ceisteanna ar nós 'An bhfuil sé sin fíor?', 'An bhfuil aon tuiscint eile le fáil air seo?', 'An bhfuil meon aon duine anseo claonta?', 'An bhfuil mé sásta leis an freagra sin agus muna bhfuil, cén fáth?'

Is ag an stáitse seo a dhéantar athbhreithniú go minic ar cad atá ar siúl agus ar an t-eolas atá faighte. Nuair atá an smaointeoir sásta glacadh leis an t-eolas agus é a inmheánú, tagann freagra nó frithgníomh. I gcomhthéacs an tráchtais seo, bíonn cinne ag teastáil ata bunaithe ar gníomh éigin, idir gníomhú meoin nó croí agus gníomhú praiticiúil i saol an duine. Agus an gníomhaíocht seo ar siúl, caithfear breithiúnas a dhéanamh ar na cinnte a dhéantar agus cé chomh praiticiúil nó réalaíoch is a bhfuil siad i saol laethúil an duine. Má tá aon fhiúntas chun a bheith ag an modh seo, is gá teacht le chéile arís agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagraí an chomhludair nó an duine aonair ar an gceist atá á phléigh.

Thomas Groome

Is féidir casadh anois go obair Thomas Groome, go háirithe an méid atá scríofa aige i

*Sharing Faith*⁸⁰, áit a dhéanann sé ur síos ar an seachadadh creidimh leis an Cur Chuige Dáileadh agus Roinnt Cleachtadh Críostaíochta nó 'Shared Christian Praxis Approach'. Leis an cur chuige oideachais seo, bogtar tríd cúig ghluaiseacht ina úsáidtear comhoibriú, rannpháirtíocht agus comhrá, chun nósanna agus bealaí Críostaíochta a roinnt agus cinntí a dhéanamh ar conas saol Críostaíochta, réalaióch, nithiúil a mhaireachtáil. Tarraingítear aird an duine nó an grúpa le hábhair nó gníomh a a dhíreoidh aigne agus croíthe na gcomhghleacaithe ar an téama machnaimh agus smaointeoireachta a bheidh á phléigh.

Gníomh Tharraingt agus Díriú Airde nó “Fucussing Activity” Ghroome

“But poets, artists, make a slit in the umbrella, they tear open the firmament itself, to let in a bit of windy chaos and to frame in sudden light a vision that appears through the rent”⁸¹

Tá an-chuid béime san obair seo ar thaithí an duine mar bhunús an oideachais reiligiúin – feictear é in úsáid, fiú amháin sna soiscéil i fáthscéalta Íosa agus i leabhar an Sean-Thiomna sna Saim. Tá clú agus cáil ar Croise Airde na hÉireann atá maisithe le pictiúir a insíonn scéal an Chreideamh. Feictear an t-aitheantas seo do thaithí an duine i ndrámáí háise na Meán Aois, na Liotúirgí difriúla a bhaineann le Turas na Croise agus an saoirse a thugtar do dhaoine áiseanna oiriúnacha a úsáid a chabhróidh leo an dea-scéal a bhaineann leis a inmheánú. Is féidir é a aimsiú freisin, in ailtireacht Gaudi agus La Sagrada Familia i mBarcelona agus in ealaín agus ailtireacht ar fud na cruinne. Faightear bailiúcháin paidreacha agus nathanna cainte lán le brí a úsáideann friotal beo na ndaoine agus filíocht an chultúir óna bhfásann siad mar gheall ar an ceangal seo idir saol an duine mar a mhairtear é agus fírinne bhunúsach an tsaoil. Rinne scoláirí ar nós an tAthair Diarmaid Ó Laoghaire, an tAthair Des Foristal, an tAthair Pdraig O Fiannachta agus Donla Uí Bhraonáin bailiúcháin paidreacha gaelacha a chuireann len ár dtuiscint ar ár dtraidisiún agus a thugann deis

⁸⁰*Sharing Faith : A Comprehensive Guide to Religious Education and Pastoral Ministry - The Way of Shared Praxis* (Eugene, Oregon : Wipf and Stock 1998)

⁸¹Paul Yates p218

dúinn tairbhe a bhaint as a críonnacht agus cruinnesamhail dhúchais a d'aithin grásta Dhé i ngach gné den saol.⁸²

Inspioráid na Scéalaíochta agus na Filíochta

“Stories give shape, meaning and structure to our lives in profound ways”⁸³

I gcás na scéalaíochta, luann Paul Yeats ábharthacht na scéalaíochta agus an fhéiniúlachta in oideachas atá gafa leis na hábhair “being and knowing which the discourses of spirituality traditionally described”. Deir sé go bhfuil na creidimh Abrahamacha agus an cultúir na Meánmhara bunaithe ar bhailiúcháin inste roinnte a rialaíonn agus a thugann inspioráid do shaol laethúil dhaoine. Molann sé freisin - “It is perhaps in the notion of narrative that we can dissolve the distinction between actual and invented selves, that a bridge can be seen between the traditional conception of self and the Postmodern critique”⁸⁴. Agus é ag labhairt faoi obair Hay agus Nye, déann Eade tagairt don scéalaíocht nó insint pearsanta a bhíonn ar siúl ag páistí óga ina gnáth shaol agus an bealach go gcabhraíonn sé le páistí ciall a bhaint as saol ilghnéitheach lán le mistéir, go háirithe nuair atá tacaíocht uathu chun déileáil le troid agus chun dul i ngleic leis an gcialteanas nó an faitíos roimhe.⁸⁵ Le híomhánna, ceol agus friotal na filíochta, is féidir croithe daoine a mhealadh, a naigne a mhuscailt agus a naird a tharraingt ar richtanais, deacrachtaí agus fírnne an tsaoil. Aithníonn Seán de Fréin luach na filíochta i gcultúr na hÉireann agus é ag déanamh léirmheas ar *Lón Anama* Chiarán Mc Murachaigh, bailiúcháin filíochta a spreagann ó dhúil spioradáltachta an duine nuair a deir sé go bhféachann na dánta sa leabhar seo 'le nádúr Dé a fhiosrú agus a cheistiú, chomh maith lena ghlóiriú' deir sé freisin go 'soiléiríonn leabhar mar seo go bhfuil ár n-ábhar misnigh féin againn agus ábhar mórtais freisin.⁸⁶

⁸²Donnla O Braonáin *Paidreacha na Gaeilge/Prayers in Irish* (Baile Átha Cliath : Cois Life Teo 2008)
An tAthar Pádraig Ó fFiannachta agus an t Athar Des Forristal, *Saltair*, (Dublin : Columba Press 2000)
An tAthar Diarmaid O Laoighre *Ar bPaidreacha dúchais: cnuasach de phaidreacha agus de bheannachtaí ár sinsear*
(Baile Átha Cliath : FÁS 1975)

⁸³Eade p223

⁸⁴Yates p210

⁸⁵Eade p223

⁸⁶<http://coislife.ie/Leabhar.aspx?ID=57> léirmheas ón *Timire* (Fómhar 2006, Uimh. 427)

Inspioráid ó Stair, ó Traidisiún, ón Dúchas, ón ár Muintir, ó na Naoimh agus ó Saoithe

“To be a Catholic means to be bonded with millions of other people not only throughout the world, but also through time”⁸⁷

Má tá tionchar ag an scéalaíocht agus filíocht ar shaol inmheánach agus tuiscint an pháiste ar a shaol laethúil, tá gnéithe eile den saol gur féidir cabhrú leis in páiste fás agus forbairt, gnéithe gur féidir a chur ós comhair na páistí leis an scéalaíocht agus léiriú ealaíonta eile. Ceann amháin de na nithe luachmhara seo ná traidisiún, stair an thraidisiúin agus stair an ndaoine a d'imigh romhainn ach go háirithe. Nuair a nochtaítear taithí, barúil agus daoine eile dúinn, idir óga agus aosta, go háirithe i mbealach gur féidir linn méid agus míniú a shaoil a inmheánú, tá seans againn ár gcruinnesamhail a leathnú agus foghlaim. Is cuma má's leanaí óga, páistí an t-aosóg nó daoine fásta sinn, tá seans foghlaime againn agus inspioráid a fháil chun saol iomlánaíoch, grámhar a mhaireachtáil.

Mar a deir V.A. McClelland in *Hear O Islands; Theology and Catechesis in the New Millennium*, “The Horizons of the young are inevitably determined by the nature of their personal experiences. The Catholic school must be in a position to broaden and deepen those experiences in the ambience of the Church's teaching within a true concept of the communion of saints”⁸⁸.

Is féidir an inspioráid céanna a fháil ón dúchas agus ó thraidisiún na bpáistí atá faoinar gcúram, chomh maith leis na nósanna agus cruinnesamhail a aimsítear i gcultúir uile an domhain.

Ag Ceiliúradh Iontais agus Naofacht an tSaoil – Féastaí, Deasghnátha, ag Ceiliúradh agus Ag Comóradh le Chéile

“Perhaps it would be exact to say there are three times – a present of things past, a present of

⁸⁷V.A. McClelland 134

⁸⁸Ibid135

things present and a present of things to come”⁸⁹

*“Rituals celebrate a commemorated event made present in time”*⁹⁰.

In a halt ar an spioradáltacht sa luath-óige, déanann Elaine Champaigne cur síos ar comhrá a chuala sí idir cailín beag trí bhliain go leith, agus a hathair faoi breithlaethanta na clainne. D'úsáid sí an chomhrá seo chun tábhacht gnásanna agus deasghnátha i saol an duine, i gcás an Lae Breithe, saol agus carachtar uathúil an té atá á cheiliúradh againn. Leis an ócáid seo, is féidir machnamh a dhéanamh ar shaol an duine go dtí seo, a shaol mar atá sé agus todhchaí an duine. Is féidir é seo a dhéanamh le haon gné de shaol an duine, an dúchas an stair agus scéal nó fíis aon chreideamh nó cruinneshamhail. Le ceiliúradh an ghnáthshaol, an cruthaitheacht, rian Dé sa chruinne, an ghrá agus foinsí íonais, tagann deis comhrá agus machnamh ar ár ngníomhaíocht féin sa saol in aonacht le gníomhaíocht ár muintir, ár gcairde, ár gcomhluadar agus an sochaí ina bhfuilimid lonnaithe agus sochaí agus forás eile a phléigh.

I saol na hEaglaise Caitlicigh agus na Críostaíocht, is foinse inspioráide agus oideachais é an Liotúirge a cabhraíonn linn chuimhneamh ar scéal agus fíis na Críostaíochta agus rian Dé sa ghnáthshaol a cheiliúradh. Mar a deir Thomas Groome faoin Liotúirge, “Liturgy can mediate for participants a heightened experience of God's grace and dispose them to God's life in love that is ever turned towards them.”⁹¹ Agus é ag scríobh faoin Cleachtadh Saoil Críostaíochta Gníomhach nó *Shared Christian Praxis*, luann Groome a thábhacht i saol na heaglaise, idir an Liotúirge agus Craobhscaoileadh, a hobair ar son na córa agus na síochána agus comhairleoireacht tréadach. De réir Sacrosantum Concillium⁹², feidhm adhartha agus teagaisc ag an liotúirge. Cuireann Groome leis an cur síos seo, ag rá go bhfuil feidhm iomlánaíoch aige i shaol an phobail, gur foinse eolais, múnlu anama agus claochlú creidimh é agus gur gá cuimhnigh i gcónaí ar an nasc idir gnáthshaol an duine

⁸⁹Augustine de Hippo, luaite ag V.A. McClelland p135

⁹⁰Elaine Champaigne, p80

⁹¹Sharing Faith pp337-378, p345

⁹²http://www.vatican.va/archive/hist_councils/ii_vatican_council/documents/vat-ii_const_19631204_sacrosanctum-concillium_en.html

agus deasghnátha ábhartha – mar a deir sé féin, “there is nothing inevitable about liturgy being sacramentally relevant to people's lives”⁹³ Tagaimid le chéile mar fhreagra ar obair Dhé sa gnáthshaol ach, ag an ama céanna, bíonn Dia ann ag an ceiliúradh, ag obair i nguthanna ministrí an bhriathar agus focail ár sinsir, i nguth craobhscaoilteora agus an Sagairt sa soiscéal. Oibríonn Dia freisin sa phobal agus iad ag guí agus tríd an Sagart chun an t-arán agus fíon a claochlú go corp agus fuil Chríost. Sna siombail, ceol, paidreacha agus gníomh gach bail an chomhluadair tá obair Dé le braith freisin.

Ábhair agus Modheolaíocht an Oideachais

⁹³Sharing Faith pp337-378, p338-340

Téamaí

Sármhaitheas, An Fhírinne, Beart ar son an Chirt, Tiomantas, Misneach agus Seasmhacht, Cásmhaireacht agus Comhbhá, Maithiúnas, Finnéacht, Creideamh, Dínit an Duine, An Saoirse, Oscailteacht, Áilleacht, Iontas, Lúcháir, Comhluadar, Muinín, An Grá.

'Identity is the territory that in late modernity covers the issues of being and knowing which the discourses of spirituality traditionally described'⁹⁴

Agus muid ag tabhairt chuige oideachas den saghas seo a chur ar fáil, tá téamaí áirithe ag tacú ár fealsúnacht oideachais, cinn a chuireann le forbairt iomlán na bpáistí. Is féidir tagairt a dhéanamh anseo do Luachanna an Soiscéal atá luaite ag an Sr Eileen Randles sa leabhar *Teaching Religion in the Primary School, Issues and Challenges*. Cé go bhfuil an oideachas reiligiúin agus múnlu creidimh scoileanna sa tír seo gafa le níos mó na an Chreideamh Chaitliceach, cuireann na buanna seo go mór le hoideachas iomlánaíoch, go háirithe nuair a smaoinítear ar an nasc at acule thaithí an duine. Nascann siad le chéile i saol an duine ag tacú a chéile agus ag braith ar a chéile chun cabhrú le daoine saol mhaith, grámhar a chaitheamh.

Aithníonn Paul Yates téama na spioradáltachta i ndíospóireachtaí feiniúlachais, féinaithne agus ionannais an nua-aoiseachta déanaigh⁹⁵. Luann sé obair Michael Foucault ar an luath Chríostaíocht agus ceisteanna an eolais, feasa, agus an fhírinne, ag déanamh tagairt dá fhocail i leabhar P. Barker, scríofa i 1998 agus ag rá go bhfuil an ionannas Críostaíochta gafa leis na dúshláin seo a leanas – 'to try and locate desires, to recognise temptations, to locate desires' chomh maith le glacadh le grúpa foraithe áirithe. In san saol mhaith, grámhar tuigtear gur féidir oibriú leis na laigí seo le cabhair buanna ar nós cinn an soiscéal agus, i gcás na Críostaíochta, cabhair an Cruithaitheoir, an Spioraid Naomh agus pearsa Chríost. Mar a deir John Sullivan faoin naofacht -

'God wants us to embrace all that we are, as special, unique individuals, with our hopes and

⁹⁴Paul Yates in *Postmodernism, Spirituality and Education in Late Modernity* i *Spiritual Education*, pp 207-219, p207

⁹⁵Ibid

drives, our hopes, gifts and attachments. Although these might be modified and re-ordered as they are brought together, they are not simply repressed and left behind.⁹⁶

Tosaíonn Randles le luach nó téama an sármaithis in éiteas na scoile, rud atá tábhachtach freisin don duine stuama atá ag iarraidh riachtanais saoil iomlánaíoch, críonna a aithint. Muna ghlacann an té sin le fírinne an tsaoil agus leis an macántacht, áfach, teipfidh an iarracht. Má tá an fhírinne ag díriú saol daoine, ní bheidh aon dul as acu ach beart a dhéanamh ar son an chirt agus iarracht a dhéanamh taithí saoil daoine a shárú agus a claochlú. Gan tacaíocht an tiomantais, an mhisneach agus an seasmhacht, áfach, ní bheadh neart fuinneamh ag éinne leanúint leo. Ag an am céanna, má éiríonn le daoine a bhealach seo a thaistil, cabhrófar glacadh lena laigí, cumais agus riachtanais féin, chomh maith le cinn daoine eile agus tiocfaidh an dúil don maitheas, don cásmhaireacht agus, as sin don comhbhá.

An t-aon bhealach gur féidir le héinne na nósanna thuas a cleachtadh ná áit ar leith a thabhairt don maithiúnas ina saol. Tá tionchar ag an bhfinnéacht seo ar bheatha dhaoine eile atá níos leithne ná an tairbhe a bhaintear as comhbhá, maithiúnas agus cabhair dhaoine eile – is inspioráid don saol grámhar é dóibh agus do dhaoine eile. An rud a rialaíonn tuiscint, nósanna agus cruinneshamhail dhaoine ná a gcreideamh. Chun cur le comhaontas idir dhaoine agus suaimhneas an tsaoil is gá an ról atá aige i saol daoine agus na difríochtaí agus cosúlachtaí atá ann idir dhaoine a aithint agus a phléigh. Ní féidir é seo a dhéanamh, áfach, muna féidir linn meas a bheith againn ar a chéile, go háirithe nuair a thuigimid go bhfuil nithe áirithe ag nascadh an cinne daonna, sé sin an daonnacht agus an grá, nó splanc Dé an diachaí. Cuireann sé go mór le saol na scoile, ag cabhrú le paistí mothú slán sábháilte, páistí atá ag foghlaim ó fhoireann go bhfuil meas acu ar a chéile agus ar na páistí féin.

Muna bhfuil rian an saoirse i saol dhaoine, áfach, ní bheidh seans acu a gcreideamh ná a dtuiscint a fhorbairt i mbealach sláintiúil agus na cinne cearta a dhéanamh ina saol. Leis an coinsias

⁹⁶John Sullivan 29

oilte agus féin-mhuinín a thagann le scolaíocht agus taithí saoil bunaithe ar an saoirse, tagann an neart beartú mar is ceart in ainneoin bhrú de gach sórt, ó laigí an duine go dhaoine eile agus gach saghas foinse anacra. In aigne duine mar seo, bíonn an oscailteacht ag feidhmiú, ag obair leis an meon oilte chun an cabhair gur féidir agus gur ceart a thabhairt dóibh siúd go bhfuil gá acu leis, an aire ceart a thabhairt don domhain agus an tarchéimnitheacht nó rian Dé i ndaoine eile agus sa chruinne a aithint. Tá áit anois i gcroí agus intinn an duine seo don áilleacht, don iontas agus foinse an dúil foghlaime agus don lúcháir. Nithe iad seo a chuireann go mór le saol an duine agus a chabhraíonn linn cuspóirí an saol Críostaíochta nó saol mhaith a mhaireachtáil. Gan iad ní bheadh an fonn orainn ná an cumas againn leanúint linn ag obair ar son an mhaitheas.

Ní linn féin atáimid ar an oilithreachta seo. Is baill comhluadair difriúla muid ar fad, idir comhluadar creidimh, clann, cairde agus scoileanna, gan trácht ar na comhluadair eile atá i ngach áit. Gan tacaíocht an chomhluadar agus an aitheantas a fhaighimid uathu, ní bheimid in ann feidhmiú, agus ní bheadh siadsan in ann feidhmiú gan gach ball uathúil dóibh. Tagann an-chuid d'ár dtuiscint ar an saol ó na comhluadair seo agus bíonn tionchar mór ag sainiúlacht gach ghrúpa ar creideamh gach baill dóibh a chuireann tábhacht an saoirse agus an coinsias i gcuimhne dúinn. Leis an comhluadar, fásann an muinín, go háirithe nuair a thugaimid aire agus aitheantas dá chéile. Leis an muinín seo, tagann an misneach agus seasmhacht a luach níos luaithe.

Críochnaínn an Sr Randles leis an grá, ag cur i gcuimhne dúinn le focail Naomh Pól agus an tuiscint nach mbeidh toradh ar an obair muna bhfuil an grá á spreagadh.⁹⁷ I saol an Chríostaí, grá don cruthaitheoir a tháinig chun na beatha chun saol Giúdaigh a chaitheamh ó fhás go críoch tragóideach a d'aiséirigh agus a sheol an Spiorad Naomh chun cabhrú linn is ea an inspioráid as a spreagann ár cleachtadh saoil.

Scileanna Machnamh, Comhbhá, Géarchúis

We become holy through the way we see and deal with the ordinary things in life, like hunger,

⁹⁷Randles p 115

*ambition, disappointment, relationships, communication, belonging and decisions rather than by turning away from them to an other, worldly holiness.*⁹⁸

Tá scileanna faoi leith ag teastáil don mbeatha seo, scileanna machnaimh, díriú ceart an chomhbhá agus an géarchúis. Má táimid chun a bheith aireach do riachtanais, luachanna agus aoibhneas an tsaoil, nach gá dúinn a bheith in ann am agus spás a fháil chun ciúnú agus féachaint thart? Seo an t-am gur féidir linn breathnú thart chun gníomhaíocht daoine, an comhluadar agus an sochaí a thabhairt faoi ndeara, chomh maith lenár ngníomhaíocht féin. Tá seans againn rian Dé, an grá agus áilleacht 'is iontas an tsaoil a aireachtáil. Is rud é gur féidir le daoine a dhéanamh leo féin, le chéile mar chomhluadar creidimh agus mar na comhluadair imeascaithe ata mar bhunús sochaí an aonú aois is fiche. In am machnaimh, bíonn daoine in ann ceiliúradh nó caoineadh le chéile, ag baint úsáid as a dtaithí féin, an dúchas, traidisiúin agus saíocht saineolaithe nó daoine críonna chun cur leis.

Tá smaointeoireacht Johann Bpist Metz ar an ngaol idir cuimhne agus insint dhaoine agus an dlúthpháirtíocht⁹⁹ ábhartha do dhíriú ceart an chomhbhá. Conas is féidir linn muid féin nó daoine a thuiscint, an cabhair oiriúnach a thabhairt dóibh nó aire a thabhairt don imshaol muna dtuigimid a scéal agus tionchar na staire orthu? Nuair atá thuigimid a scéal ina iomlán, caithfidh nach bhfuil aon dul as againn ach cabhrú leo. Tá sé tábhachtach, freisin, go ndéanaimid an rud ceart do dhaoine eile, dúinn féin agus don gcomhshaol.

Is í an ghéarchúis an scil a chabhraíonn linn machnamh cruthaitheach a chleachtadh agus comhbhá a díriú i gceart. Leis an aigne, anam agus corp atá ciúnaithe san am smaointeoireachta, is féidir linn na nithe atá á aireachtáil againn a cheistiú agus a scrúdú chun tuiscint níos fear a fháil orthu agus orainn féin. Táimid in ann ár ndearcadh, ciall agus breithiúnas féin a chur le heolas, tuairimí, treoir agus críonnacht dhaoine eile cosúil lenár muintir, cairde, comhluadair agus foras

⁹⁸John Sullivan p 30

⁹⁹Johann Baptist Metz, *Faith in History and Society* (New York: Herder and Herder 2007) pp 169-214.

difriúla chun ár gcreideamh a múnla agus cintí a dhéanamh dá bharr. Le coinsias atá oilte sa tslí seo, is féidir gníomhú ar son an chirt i mbealach sláintiúil, dearfach.

An Cur Chuige

..a challenge...to a society that delimits and narrows its world in all sorts of ways but especially by its espousal of materialism, individualism and utilitarianism¹⁰⁰

Luann Ray Topley Topley tábhacht mhodh Bernard Lonergan don meon iarathnuachaine, an cruinneshamhail atá ag an-chuid tuismitheoirí, agus múinteoirí, na linne seo, atá ag iarraidh go mbeidh a bpáistí in ann a gcinne féin a dhéanamh ar cad a chreideann siad agus cad a dhéanfaidh siad i rith an tsaoil. Deir sé go bhfuil gá le oideachas a forbróidh cumas an pháiste cinntí gur mór leo a dhéanamh bunaithe ar bhreithiúnas ceart agus gealltanais pearsanta, réalaíocha a thagann ón gcroí. Cuireann sé i gcumhne dúinn agus é ag luadh Giusanni agus Groome go gcaithfear oideachas a bheith againn a spreagann meon stuama, ciallmhar agus samhlaíocht criticiúil – ní fheidhmíonn 'Déan é toisc go ndeirim leat é' nuair a fhásann an páiste - agus chun cabhrú le duine feidhmiú mar is ceart, tá sé tábhachtach don oide múineadh dóibh conas smaointeoireacht ceart a dhéanamh.¹⁰¹

Chun bunús Críostaíochta a bheith ag oideachas mar seo, is gá féachaint ar níos mó na gníomhú an duine sa smaointeoireacht agus sa chinne a dhéantar. Caithfear aitheantas a thabhairt do ghrásta Dé ag feidhmiú sa domhan agus i gcroí an chinneora i rith an mhachnaimh seo, rud a dhéantar tagairt de nuair a luann Topley focail Lonergan agus é ag labhairt faoin ceithre stáitse dá mhodh - ' the fourth level on which the Grace of God, faith hope and charity are exercised.'¹⁰² Cuimhnímid go spreagann grá agus buíochas do Dhia, an cruthaitheoir cneasta, grámhar a aithníonn gach duine againn,¹⁰³ chomh maith leis an moráltacht, na cintí a dhéanann muid. Labhraíonn sé faoi a bheith oscailte do ghníomhú agus obair Bhriathar agus Críonnacht Dé sa saol agus an cumas

¹⁰⁰ V A McClelland, p 134

¹⁰¹ Communicating Faith p 178

¹⁰² Communicating Faith p 176

¹⁰³ ibid

oscailteachta seo a mhúnla agus a fhorbairt. Gan é, níl againn ach ceacht mórálach nó fiosrúcháin taithí.

I ndiaidh Gníomh Tarraingt agus Diríú Airde i gcur chuige Groome, tosaítear le cúig ghluaiseacht a chabhródh leis na comhghleacaithe sult a bhaint as an ceacht reiligiún, ceiliúradh creidimh nó teacht le chéile chun machnamh agus guí atá cosúil le modh Lonergan. Tosaítear ag Gluaiseacht 1, áit a ainmnítear gnáthchleachtadh an duine, grúpa nó foras le gníomh, focail nó pictiúir agus bogtar ó shin go dtí Gluaiseacht 2 nuair a dhéantar machnamh géarchúiseach ar an ngníomhaíocht sin agus an saol mar a mhairtear é. Cuirtear an gné sin den Scéal nó Fís Críostaíochta atá gafa leis an ngníomhaíocht nó téama atá faoi bhun ag an ngrúpa nó duine aonair faoi bhráid i nGluaiseacht 3. Déantar iarracht ansin téada an gnáth-shaol a cheangail le comhthéada an Scéil nó Fís Críostaíochta i nGluaiseacht 4, ag críochnú le Gluaiseacht 5 le freagra a thabhairt agus cinne praiticiúil a dhéanamh ar shaol Críostaíochta a mhaireachtáil bunaithe ar an téama ó Ghluaiseacht 1 agus an 'Gníomh Tarraingt agus Diríú Airde'.

Ag Teacht le Chéile – Liotúirge; Comhluadair Creidimh; Comhluadair Idirchreidmheach

Cuireann Groome i gcuimhne dúinn go gcaithfear a chinntiú go dtabharfaimid chuige i mbealach athbheochana a aithníonn taithí, pearsa agus cultúr na gcomhghleacaithe, atá dothuigthe do cách agus oscailte do nochtú Spiorad Naofa Dé, Spiorad atá ag obair le meon chomhluadair agus i gcroíthe atá saor a ndaonnacht féin a nochtú agus a ofráil do Dhia. Leis an nascadh agus idirghníomhaí seo, tagann an deis Grásta De a bhraith agus croíthe agus tiomantas an phobail a neartú chun dóchas, naofacht agus riachtanais an tsaoil a aithint. Is ann a fhaigheann daoine an inspioráid chun carthanacht agus comhbhrón a chleachtadh agus obair a dhéanamh ar son iad siúd atá faoi bhrú. Cé go molann sé gur ceart go mbeadh gach grúpa in ann a rian féin a chur ar an gceiliúradh Liotúirge, aithníonn Groome tábhacht an traidisiúin agus le leanúnachas, rudaí a chuireann an síoraíocht agus grá buan Dé i gcuimhne dúinn agus atá mar foinse seasmhachta i saol

lán le héiginnteacht. Luann sé gur féidir an samhlaíocht agus an cruthaíocht a chur ag obair le deasghnátha an thraidisiúin chun meon agus croíthe an phobail a shocrú agus a mhúscailt, ag cabhrú leo guí agus ceiliúradh mar bhaill aonair de comhluadar agus eaglais le sinsir, stair agus todhchaí. Leis an comhtháthú seo, aithneoidh daoine Scéal agus Fís na Críostaíochta agus a theachtaireacht don gcinne daonna, idir iad siúd atá imithe, a mhaireann anois agus atá le teacht.¹⁰⁴

Ag Spreagadh Meoin agus Croithe na gComhghleacaithe – Ceisteanna Oiriúnacha

*There is a long tradition in Christian churches of awakening the individual to the three folds of spirituality : relation to self, relation to others, relation to God.*¹⁰⁵ Elaine Ch p 79

Tá obair Ray Topley an-úsáideach anseo, toisc go díríonn sé aigne an smaointeora agus an oide ar na ceisteanna a chuirfidh le machnamh cruthaitheach, bisiúil. Cuireann sé i gcuimhne dúinn go gcaithfidimid a chinntiú go mbeidh ard, aire agus gcroíthe daoine dírithe ar an ábhar atá a phléigh agus go bhfuil siad á múscailt chun cinne críonna a dhéanamh. Muna thugtar faoin oibre le treoirlínte a thacaíonn agus a chothaíonn í, ní bheidh an toradh atá ag teastáil uainn againn, sé sin Críostaí nó Críostaithe gur féidir leo saol bunaithe ar soiscéal Dé a mhaireachtáil. I gcás daoine atá á mhúineadh againn nach Críostaí iad, nó nach bhfuil suim acu a bheith ina gCríostaí, is féidir cabhrú leo nasc a dhéanamh lena thraidisiúin, creideamh nó cruinneshamhail féin a chabhróidh leo saol séimh, iomlánaíoch, grámhar a mhaireachtáil.

Áiseanna

'Christian religious educators should recognise that 'politics' permeates thier whole curriculum – what they teach through process, content and environment..... religious educators make choices about which collective memories to make present and toward what end, what paradigms of meaning

¹⁰⁴Sharing Faith pp350-372

¹⁰⁵Elaine Chapman p79

*and criteria of action to propose to people.*¹⁰⁶

Cuireann na focail seo ó Ghroome i gcuimhne dúinn go bhfuil an-tionchar ag na roghanna a ndéanaimid ar teachtaireacht agus tionchar an oideachais ar meon agus thuiscint dhaoine, idir na páistí atá faoin ár gcúram, orainn féin agus ar an sochaí ginearálta. Nach gá, mar sin, go smaoinimid ar cad a úsáidimid chun an obair seo a dhéanamh agus conas a dhéanaimid é, chomh maith le teagmháil dearfach, oscailte a bheith againn leo siúd a roinnean cúram pháistí linn?

Teagmháil agus Comhoibriú

Ceann de na háiseanna is tábhachtaí in oideachas agus múnla creidimh ná an comhoibriú agus an teagmháil a bhíonn ann idir na grúpaí ar fad atá gafa le cúram pháistí – sé sin clann, comhludair creidimh, soláthraí oideachas agus an sochaí féin. Muna bhfuil aontas agus comhthuiscint idir na grúpaí seo, an éireoidh lenár niarrachtaí? Nach bhfuil tacaíocht ag teastáil ó gach ball de na grúpaí seo ó na grúpaí eile, agus nach bhfuil luachanna, saintréithe agus ról airithe acu ar fad a chuireann le saol an pháiste? Má tá sé seo fíor, caithfear a chinntiú go dtuigimid a chéile agus go dtuigimid cad atá ar siúl ag na grúpaí ar fad. Caithfear a chinntiú go mbíonn teagmháil dearfach idir na grúpaí ar fad ionas gur féidir riachtanais gach duine a shásamh. Tá sampla den comhoibriú seo le fáil san Fhóram ar Phátrúnacht agus Iolrachas.¹⁰⁷

Taithí an Duine, An Traidisiúin, An Béaloideas agus An Dúchas, an Oidhreacht Ceilteach ach go háirithe

Nuair atáimid ag féachaint chuige áiseanna a lorg ó oidhreacht ár muintir, tá foinsí difriúla ann, ó bhailiúcháin leabhair agus cnuasaigh go taithí dhaoine eile gur féidir labhairt lenár bpáistí nó gur féidir linn dul i dteagmháil leo chun a scéalta a insint dúinn agus a dtuairimí a roinnt linn chun gur féidir linn iad a roinnt lenár bpáistí. I scéimeanna ar nós an scéil Beo go Deo, tá cuid de seo ar siúl acu, go háirithe sna ceantanna do mhí na Samhna ina smaoinítear ar éisteacht le

¹⁰⁶Sharing Faith pp 11-35, p.13

¹⁰⁷<http://www.education.ie/en/Press-Events/Conferences/Patronage-and-Pluralism-in-the-Primary-Sector/The-Forum-on-Patronage-and-Pluralism-in-the-Primary-Sector-Report-of-the-Forum%25E2%2580%2599s-Advisory-Group.pdf> 3-09-12

sean-tuismitheoirí agus ar iad siúd atá imithe ar slí na fírinne¹⁰⁸. Tá bailiúcháin leabhair ann scríofa do pháistí bunaithe ar an críonnacht an bhéaloideas. Mar sin féin, tarlaínn sé ó am go ham go mbíonn an-iomarca den ceacht gafa le taithí an duine, aird agus croithe a dhíriú agus obair chruthaitheach go gcailltear an teachtaireacht mórálach nó Críostaíochta. Is áis an-chabhrach iad leabhair ar nós *Paidreacha as Gaeilge/Prayers in Irish* le Donnla Uí Braonáin do mhuintir na Gaeilge nuair atá siad ag iarraidh bailiú le chéile chun guí nó machnamh a dhéanamh mar dhaoine fásta nó le páistí. Is féidir tuiscint a fháil ar luach na Spioradáltachta Cheiltigh in obair Maura Boyle-McNally agus a halt *What can the Spirituality of the Celts Contribute to Spirituality Today?* Luann sí tábhacht na séasúr agus na féilte a rialaíodh saol deasghnátha na Gael, luach an nádúr agus ionaid naofa lonnaithe ann, an túisce agus an ghriain, aitheantas don comhionannas agus cothromaíocht atá ann idir dhaoine agus ghlac siad le céadfacha agus mothúcháin an duine mar rudaí maithe gur féidir oibriú leo. Is aiseanna iad seo, chomh maith le áit an chomhludair, briathar agus críonnacht Dé, rithim na ndeasghnátha, ceiliúradh agus an ciúnas agus an aithris gur féidir le scoileanna, comhludair, tuismitheoirí agus na páistí féin a úsáid chun saol iomlán a chaitheamh. Agus ná háiseanna á lorg againn, nach gá a chinntiú go léiríonn siad na luachanna thuas?

Saoithe, na Naoimh, Ceannairí agus Forás Creidimh nó Cruinnesamhail

I gcomhthéacs na nGaelscoileanna, tá géará le áiseanna bunaithe ar na daoine agus grúpaí seo. Is féidir comhtháthú a dhéanamh le hábhair eile do chuid acu, ach má tá sé seo ar siúl againn, is gá a chinntiú go ndéanfar fíor-nascadh leis an ceacht agus cleachtadh creidimh. Mar sin féin, seachas leabhar ar an nGiúdachas, tá sé deacair teacht ar ábhair bunaithe ar chreidimh, saoithe agus críonnacht reiligiúin an domhain seachas físeán sa sraith Bheo go Deo do rang 3 bunaithe ar chreidimh difriúla¹⁰⁹.

Litríocht, Ceol, Ealaín agus Cultúr

¹⁰⁸<http://www.veritasbooksonline.com/religious-education/primary-school/alive-o-beo-go-deo.html>

¹⁰⁹Beo go Deo Rang 3

Cé gur foinse saibhir inspioráide é an cultúr, caithfear a bheith aireach go bhfuil na hábhair ceart in úsáid againn. Baintear an-úsáid as scéalaíocht i mBeo go Deo, ach bíonn fadhb ag na páistí tairbhe a bhaint astu. Caithfear a chinntiú go bhfuil friotal na bpáistí in úsáid againn agus go bhfuil ceangal leis an ábhar inspioráide le cultúr na páistí. Is foinsí saibhre iad litríocht agus cultúr na Gaeilge, rud, is cosúil, nach baintear úsáid as a dhóthain i sraith Bheo go Deo. Tá obair Gabriel Rosenstock ábhartha anseo, go háirithe a fhilíocht, cuid mhór de scríofa i bhfoirm Haiku, rud atá gearr agus simplí do pháistí a thuiscint, do pháistí i mbealach taitneamhach agus greannmhar. Scríobhann sé go minic ar théamaí a léiríonn riachtanais an tsaoil agus luachanna saol mhaith, grámhar i mbealach a nochtann fírinne an tsaoil dúinn. Sampla amháin den bhfilíocht sé ná *Dánta Duitse*¹¹⁰. Tá bailiúcháin gearrscéalta aige freisin a bhaineann úsáid as béaloideas na tíre seo agus tíre eile, chomh maith lena scéalta féin chun gnéithe áirithe den saol a fhiosrú ar nós *Fear na bPeistíní*¹¹¹. Scríbhneoir eile is í Áine Ní Ghlinn go bhfuil an-chuid scríofa aici atá oiriúnach do pháistí. Níl anseo ach sampla de na daoine ó litríocht agus cultúr na Gaeilge go bhféadfaidh úsáid a bhaint astu.

Ag Teacht le Chéile – Liotúirge; Comhluadair Creidimh; Comhluadair Idirchreidmheach

Cuireann Groome i gcuimhne dúinn go gcaithfear a chinntiú go dtabharfaimid chuige i mbealach athbheochana a aithníonn taithí, pearsa agus cultúr na gcomhghleacaithe, atá dothuigthe do cách agus oscailte do nochtú Spiorad Naofa Dé, Spiorad atá ag obair le meon chomhluadair agus i gcroíthe atá saor a ndaonnacht féin a nochtú agus a ofráil do Dhia. Leis an nascadh agus idirghníomhaí seo, tagann an deis Grásta De a bhraith agus croíthe agus tiomantas an phobail a neartú chun dóchas, naofacht agus riachtanais an tsaoil a aithint. Is ann a fhaigheann daoine an inspioráid chun carthanacht agus comhbhrón a chleachtadh agus obair a dhéanamh ar son iad siúd

¹¹⁰Gabriel Rosenstock *Dánta Duitse* Cló Iar-Chonnachta 2006

¹¹¹Gabriel Rosenstock *Fear na bPeistíní* Cló Iar-Chonnachta 2008

atá faoi bhrú. Cé go molann sé gur ceart go mbeadh gach grúpa in ann a rian féin a chur ar an gceiliúradh Liotúirge, aithníonn Groome tábhacht an traidisiúin agus le leanúnachas, rudaí a chuireann an síoraíocht agus grá buan Dé i gcuimhne dúinn agus atá mar foinse seasmhachta i saol lán le héiginnteacht. Luann sé gur féidir an samhlaíocht agus an cruthaíocht a chur ag obair le deasghnátha an thraidisiúin chun meon agus croíthe an phobail a shocrú agus a mhúscailt, ag cabhrú leo guí agus ceiliúradh mar bhail aonair de comhluadar agus eaglais le sinsir, stair agus todhchaí. Leis an comhtháthú seo, aithneoidh daoine Scéal agus Fís na Críostaíochta agus a theachtaireacht don gcinne daonna, idir iad siúd atá imithe, a mhaireann anois agus atá le teacht.¹¹²

Foinsí Aiseanna

Nuair atá múinteoir ag iarraidh ceacht a eagrú nó treoraí ag iarraidh seirbhís machnaimh nó guí a chur le chéile, bíonn áit lárnach uaidh chun áiseanna a aimsiú. Is áit é suímh idirlín COGG¹¹³ gur féidir teacht ar roinnt áiseanna don teagasc creidimh. Mar sin féin, tá níos mó rudaí ann ná mar atá luaite ann. Bíonn gá ag daoine, freisin, leis ná háiseanna a láimhseáil agus féachaint orthu ionas gur féidir leo a bheith cinnte go bhfuil sé oiriúnach don obair atá ar siúl. Bheadh sé cabhrach, freisin, in aon saghas cnuasaigh, dá mbeadh fotheidil ann a nascann na hábhar agus áiseanna éagsúla le téamaí difriúla an oideachas agus cleachtadh creidimh. Tá áiteanna eile ann gur féidir áiseanna a fháil chun cur leis na hábhair a sholáthraínn Veritas leis an scéim Beo go Deo. Is féidir féachaint ar cad atá foilsithe ag na foilsitheoirí ar fad, ag baint úsáid as suíomh idirlín ar nós *Litriocht.com* chomh maith le suíomh agus catalóg na bhfoilsitheoirí féin, nó dul i dteagmháil leo chun a fháil amach cad atá acu. Tá roinnt foilsitheoirí ann atá gafa leis an spioradáltacht ar nós *Foilsíocháin Abhair Spioradálta* go bhféadfaidh eolas a fháil uathu freisin, chomh maith le grúpaí ar nós *Cumann na Sagart*¹¹⁴. Tá áiseanna ar fáil ó deoisí agus clochair, ar nós léiriú Powerpoint ó

¹¹²Sharing Faith pp350-372

¹¹³<http://www.cogg.ie>

¹¹⁴<http://www.cumannnasagart.ie/> 1-09-12

Dheoise Bhaile Átha Cliath¹¹⁵ bunaithe ar ceachtanna Bheo go Deo go leabhará~ar Naomh Chlár ó na Cláiríní Boichte i nGaillimh. Tá clár ar fáil as Béarla chun cabhrú le clanna, paróistí agus scoileanna comhoibriú le chéil chun páistí a ullmhú do na Saicrimint agus chun léirthuisicint a fháil ar an aifreann, sé sin *Do This in Memory, You Shall be my Witnesses* le Maeve Mahon agus *Come Gather Celebrate* léi siúd agus Maeve Mahon. Is cosúil nach bhfuil mórán ann do pháibítí seachas aifreann sa chlár Beo go Deo. Má táimid chun cur chuige an obair seo a dhéanamh, nach gá dúinn cnuasach a chur le chéile atá simplí le húsáid, áit gur féidir teacht ar áiseanna áirithe agus foinsí áiseanna eile.

¹¹⁵<http://education.dublindiocese.ie/catholic-education/>

Cnuasach Áiseanna

Children in Catholic Schools are not simply being prepared to cope with the world into which they are immersed but to possess the vision and desire necessary to change the world in light of Christ's teaching, to become an essential part of the Church's evangelising mission.¹¹⁶

Treoiríníte don gComhordaitheoir agus don té atá ag lorg Áiseanna

Cad an ceart a bheith in aigne an té atá ag cur cnuasach le chéile nó atá ag lorg áis áirithe do ceacht nó ceiliúradh creidimh? Mar a dúradh cheanna, tá tionchar ag dearcadh an oideora ar iad siúd atá faoina chúram agus ar teachtaireacht an oideachais agus ceiliúradh creidimh ar an saghas oideachas a gheobhaidh na páistí atá faoina chúram. Caithfear smaoineamh freisin ar na scileanna a bheidh á cleachtadh agus ar téamaí an fealsúnacht oideachais. Is gá aire a bheith aireach, freisin, go bpioctar áiseanna a oireann do phearsantacht, tuiscint agus leibhéil foghlaime agus teanga an ghrúpa. Agus é seo ar fad ar siúl, cuimhnítear i gcónaí ar inspreagadh agus riachtanais comhludair agus tuismitheoirí, go hairithe na bealaí difriúla gur féidir comhoibriú leo agus iad a thacú in niarrachtaí a bpáistí a oiliúint. Má tá sé ar intinn ag an oideoir breithiúnas agus stuamacht a spreagadh i dhaoine, tá ceistiúchán agus foinsí ceistiúcháin áirithe ag teastáil, rud a mbeidh cur síos déanta ar sa chaibidil seo. Mar sin, tá na na pointí thíos ábharach don comhordaitheor chnuasaigh

¹¹⁶VA Mc Lellond p 135

nó d'aon mhúinteoir ag lorg áiseanna dá rang nó scoil.

- Dearcadh
- Teachtaireacht
- Scileanna
- Téamaí
- Cultúr, Dúchas agus Traidisiún
- Taithí an Duine
- Creidimh agus Cruinnesamhail Domhanda
- Comhluadair – Scoil, Creideamh, Clann, Sochaí
- Friotal na gComhghleacaithe

Nuair atá cnuasach á chur le chéile, an ceart smaoineamh ar na fotheidil agus ceisteanna seo a leanas, chomh maith leis na treoirlínte thuas -

- Cé do atá an cnuasach seo agus cad é inspreagadh na ndaoine a mbeidh á úsáid?
- Cé hiad na grúpaí gur gá dul i dteagmháil leo?
- An bhfuil na hábhair atá a roghnú againn oiriúnach agus an bhfuilimid ag freastal ar riachtanais dhaoine?
- Reiligiúin, Creidimh agus Cruinnesamhail faoi leith
- Daonnachas agus nithe Idirchreidmheacha
- Deasghnátha agus Liotúirge
- Ceachtanna
- Treoirlínte do cheistiú ábhartha le samplaí
- Treoirlínte do chomhtháthú fíúntach
- Foinsí Áiseanna
- Leabhair
- Ábhair Éisteachta

- Ábhair Amharca
- Ábhair Nithiúla gur féidir a láimhseáil
- Ábhair Digiteach
- Cláir Teilifise
- Scéalaíocht
- Filíocht
- Ceol
- Ealaín

Treoirínte do Chumadóir áiseanna

Má feictear do dhuine go bhfuil áiseanna áirithe ag teastáil, tá sé rí-thábhachtach go smaoinoidís go géar ar conas cur chuige é a dhéanamh. Chomh maith leis na rudaí thuas luaite, tá pointí eile gur gá smaoinemh orthu, sé sin -

- Treoir soléite agus simplí don té atá á úsáid
- Riachtanais, dearcadh agus meon na ndaoine atá á lorg

Cad atá againn faoi láthair?

Mar a dúradh cheanna, tá áiteanna ann gur féidir áiseanna airithe a aimsiú, ach tá an-chuid cuardaigh i gceist chun teacht ar na háiseanna atá á lorg ag daoine. Is féidir leabhrán liostai áiseanna agus achainí teagaisc¹¹⁷ agus bunachar áiseanna¹¹⁸ an Comhairle Oideachais Gaelscolaíochta agus Gaeltachta a úsáid, ach seachas leabhair taitneamhacha bunaithe ar scéalta ón nua -thiomna ón foilsitheoir *Lorlum*,¹¹⁹ an scéim *Beo go Deo i nDeisceart na hÉireann* agus curaclam *Tuaisceart na hÉireann* chomh maith le leabhair agus físeán ar na sacraimint, níl mórán ann faoin dteidil

¹¹⁷<http://www.cogg.ie/pdf/Leabhran08.pdf> 3-09-12

¹¹⁸<http://www.cogg.ie/Content.aspx?ID=488d87c9-8552-4587-8c6b-0bb30e77069e&PID=a257bece-c1e7-464a-9cd0-fde10d3a18c3> 3-09-12

¹¹⁹<http://www.lorlum.ie/gaeilge/morshraith.html> 3-09-12

'Reiligiún'. Is féidir úsáid a bhaint as grúpaí, forás agus foilsitheoirí ar nós an Chomhdháil Easpaigh Caitlicigh Éireann¹²⁰, deoisí áirithe, an Comhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach, Seachtain Scoileanna Chaitlicigh agus Veritas ach, arís, tá an-chuid cuardaigh i gceist chun rudaí a aimsiú agus níl mórán ann a bhaineann le cultúr na Gaeilge nó Liotúirgí a bheadh oiriúnach do pháistí. Tá sé deacair freisin eolas a fháil ar chreidimh domhanda atá faoi chaibidil an rang reiligiúin.

Moltaí don Todhchaí

Is cosúil go bhfuil gá le breis áiseanna, cosúil le rudaí a roghnú don tarraingt agus díriú airde a thagann ó litríocht, cultúr agus oidhreacht na Gaeilge, eolas a chur ar fáil ar phearsa difriúla go bhfuil tionchar acu ar chreidimh, tuiscint ar an saol, obair ar son an chirt nó ar son an chomhshaoil agus ar an saol daonnach, féilte cultúir agus creidimh difriúla nó seirbhísí agus eachtraí machnaimh, guí agus ceiliúradh creidimh. An ceart níos mó úsáide a bhaint as oidhreacht agus cultúr na Ghaeilge agus saibhreas agus saíocht an fhoinsé saibhir seo a fhionnachtain, áit agus aitheantas a thabhairt do áit an iar-nuaaoiseachas agus do mheon agus taithí na nGlúin X agus Mílaoisigh ? Chun é seo a dhéanamh, an ceart dul i dteagmháil le grúpaí ar nós Buddhist Network Ireland¹²¹, the Humanist Association of Ireland¹²², Islamic Educational and Cultural Centre Ireland¹²³ agus an Irish Jewish Community¹²⁴? An bhfuil áiseanna faoi leith ag teastáil ó na scoileanna idirchreidmheacha agus idirchreidmheacha chun cur lena n-obair? An féidir foghlaim ó ghrúpaí ar nós na Gasóga agus Bantreoraithe atá ag obair i gcomhthéacs idirchreidmheach le breis is céad bhliain agus a oibríonn lena baill chun a seirbhísí féin a eagrú chun teacht le chéile chun guí, ceiliúradh agus machnamh a dhéanamh le chéile in aonacht le hiad a spreagadh chun a gcreidimh féin a chleachtadh agus a

¹²⁰<http://www.catholicbishops.ie/tag/education/3-09-12>

¹²¹<http://www.buddhistnetworkireland.org/>

¹²²<http://www.humanism.ie/>

¹²³http://islamiccentre.ie/mosques_islamic_centres_ireland.html

¹²⁴<http://www.jewishireland.org/>

cheiliúradh¹²⁵? Chun liotúirge atá oiriúnach do pháistí a chumadh agus a chur ar fáil, an ceart dul agus féachaint ar obair dhaoine ar nós Maeve Mahon, Martin Delaney agus Elaine Mahon chun cinn as Gaeilge a chur ar fáil?

¹²⁵http://issuu.com/worldscouting/docs/guidelines_srd_en?mode=embed&allowfullscreen=true